


# TREOIRLÍNTE ATHBHREITHNITHE MAIDIR LE HOIBRIÚ NA gCOISTÍ FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL

Tá na Treoirlínte Ginearálta Beartais seo á n-eisiúint ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun creat comhchoiteann a chruthú le haghaidh bhunú agus oibriú na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Rannóg Pobail na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais  
Áitiúil

Nollaig 2016



# Clár Ábhar

Acrainmneacha .....	4
1. Réamhrá .....	5
1.1 Comhthéacs .....	5
1.2 An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014.....	5
1.3 Na Treoirlínte a Chur i bhFeidhm.....	6
2. Treoirphrionsabail na gCoistí Forbartha .....	7
3. Cuspóir na gCoistí Forbartha .....	9
4. Feidhmeanna na gCoistí Forbartha.....	11
4.1 Alt 128B den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 .....	11
4.2 Feidhmeanna a Chomhlíonadh.....	12
4.3 Comhairle agus Faisnéis ón bPríomhfheidhmeannach.....	13
4.4 Tuairimí a Chuirfidh Comhaltaí Údaráis Áitiúil in iúl ag an gCoiste Forbartha.....	14
5. Coistí Forbartha a Bhunú agus a Oibriú.....	15
5.1 Coistí Forbartha a Bhunú .....	15
5.2 Tograí le haghaidh Coistí Forbartha Breise a Bhunú.....	15
5.3 Comhaltas na gCoistí Forbartha a Chomhaontú .....	16
5.4 Comhaltaí Nua a Cheadú.....	17
5.5 Coistí Forbartha a Dhíscáoileadh .....	17
6. Comhaltas na gCoistí Forbartha .....	19
6.1 Comhdhéanamh na gCoistí Forbartha .....	19
6.2 Ionadaíocht Leasanna Earnála Poiblí .....	20
6.3 Ionadaíocht Leasanna Earnála Príobháidí.....	22
6.4 Comhaltaí breise chun críocha bainistíochta clár .....	25
6.5 Dícháiliú ó Chomhaltas.....	26
6.6 Comhaltas agus Coinbhleachtaí Leasa.....	26
6.7 Cód Iompair do Chomhaltaí Coiste.....	27
7. Nithe a bhaineann le Ról an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh .....	30
7.1 Tréimhse Tionachta .....	30
7.2 Ról an Chathaoirligh.....	30
7.3 An Cathaoirleach a Chur as Oifig.....	32
8. Tacaíocht Riaracháin agus Eile do Choistí Forbartha .....	33
8.1 An Príomhoifigeach.....	33
8.2 Ról an Phríomhoifigigh .....	33

8.3	Comhaltaí a Ionadú.....	34
8.4	Coistí Forbartha a Bhunú agus Comhaltaí a Roghnú.....	35
8.5	Gnó an Choiste Forbartha a Riar .....	35
8.6	Buanorduithe .....	37
8.7	Tuarascálacha Bliantúla.....	38
8.8	Cruinnithe .....	38
9.	Rannpháirtíocht in Obair na gCoistí Forbartha.....	42
9.1	Socruithe Fochoiste nó Tascghrúpa.....	42
9.2	Teagmháil a dhéanamh le struchtúir earnála poiblí, le gníomhaireachtaí áitiúla agus le comhlachtaí soláthair eile .....	43
9.3	Rannpháirtíocht na Saoránach agus an Phobail in obair na gCoistí Forbartha.....	46
9.4	Aiseolas Struchtúrtha .....	47
10.	Cinnteoireacht ag Coistí Forbartha.....	48
10.1	An Próiseas Cinnteoireachta .....	48
10.2	Córam .....	48
10.3	An Coiste Forbartha agus a chomhaltaí a shlánú.....	49
10.4	Nósanna Imeachta Trédhearcacha .....	50
11.	Athbhreithniú agus Uainíocht an Chomhaltais .....	51
11.1	Ginearálta .....	51
11.2	Comhaltaí Earnála Poiblí .....	51
11.3	Cuideachtaí Forbartha Áitiúla .....	52
11.4	Líonraí Rannpháirtíochta Pobail.....	52
11.5	Leasanna Eile Pobail Áitiúil.....	52
11.6	Comhaltaí a Dhíroghnú .....	53
	Aguisín 1 .....	54
	Comhaltas den Ghrúpa Idir-rannach um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail .....	54
	Aguisín 2 .....	55
	Sonraí Teagmhála do Cholún na gComhpháirtithe Sóisialta.....	55
	Aguisín 3 .....	56
	Cuideachtaí Forbartha Áitiúla .....	56
	Sonraí Teagmhála – Rialtas Áitiúil agus Pobal.....	58

## ACRAINMNEACHA

CPG	Grúpa Beartais Chorparáidigh
DECLG	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
DHPCLG	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
LCDC	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
PPN	Líonra Rannpháirtíochta Pobail
SPC	Coiste Beartais Straitéisigh

# 1. RÉAMHRÁ

Is é atá sa doiciméad seo a leanas treoirlínte ón Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi alt 128E(4) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna chur isteach le halt 36 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, i ndáil le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil a bhunú agus a oibriú.

## 1.1 COMHTHÉACS

Rinne an Rialtas an Tuarascáil Deiridh ón nGrúpa Stiúrtha Ailínithe a cheadú i mí Dheireadh Fómhair 2012 mar chuid de ‘Tús Áite do na Daoine – An Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach’. Leagtar amach sa Chlár Gnímh athchóirithe chun feabhas a chur ar an dóigh a soláthraítear seirbhísí don saoránach; athchóirithe chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht mhéadaithe a sholáthar; agus athchóirithe chun ról níos lárnaí a thabhairt don rialtas áitiúil maidir le forbairt áitiúil agus pobail. Is ionann an Clár Gnímh agus athrú suntasach ar bheartas an rialtais i ndáil leis an rialtas áitiúil. Is é an aidhm atá leis gurb é an rialtas áitiúil

*a bheidh freagrach as rialachas agus seirbhísí poiblí ag an leibhéal áitiúil - déanfaidh sé forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus pobail a stiúradh, seirbhísí éifeachtúla agus ar luach maith a sheachadadh, agus déanfaidh sé ionadaíocht chomh héifeachtach agus chomh cuntasach agus is féidir do shaoránaigh agus do phobail áitiúla.*

Achtaíodh an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, an 27 Eanáir 2014. Tugtar éifeacht reachtach leis do na gealltanais atá tugtha sa Chlár Gnímh, lena n-áirítear Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (Coistí Forbartha) a bhunú i ngach limistéar riaracháin údaráis áitiúil.

## 1.2 AN TACHT UM ATHCHÓIRIÚ RIALTAIS ÁITIÚIL, 2014

Tá na príomhfhórlacha maidir le Coistí Forbartha leagtha amach i gCuid 6 d’Acht 2014. Le Cuid 6, cuirtear alt 49A nua agus alt 128A nua go halt 128F nua isteach san Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus foráiltear do na nithe seo a leanas—

- Coistí Forbartha a bhunú mar choistí de chuid údaráis áitiúil,
- feidhmeanna na gCoistí Forbartha,
- comhaltas na gCoistí Forbartha,
- tacaíocht riaracháin a bheith á tabhairt ag údaráis áitiúla do Choistí Forbartha, agus
- gníomhaireachtaí forbartha áitiúla a bheith ag comhoibriú le hobair na gCoistí Forbartha.

Tosaíodh an tAcht an 1 Meitheamh 2014 agus tá lánéifeacht dhlíthiúil aige ón dáta sin. Dá réir sin, ceanglaítear ar údaráis áitiúla Coistí Forbartha a bhunú, comhaltas na gCoistí Forbartha a chomhaontú agus bainistiú a dhéanamh ar obair a gCoistí Forbartha i gcoitinne, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an Acht, le rialacháin ábhartha ón Aire agus leis na treoirlínte beartais seo.

Comhlánaítear Cuid 6 le rialacháin reachtúla. Is iad sin na ***Rialacháin maidir le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (Alt 128E), 2014***<sup>1</sup>, a bhfuil lánéifeacht dhlíthiúil acu ón 1 Meitheamh 2014 freisin. Soláthraítear leis na Rialacháin creat rialála le haghaidh na nithe seo a leanas—

- bunú na gCoistí Forbartha,
- comhaltas na gCoistí Forbartha agus ceapadh comhaltaí chuig Coistí Forbartha,
- cinnteoireacht ag Coistí Forbartha,
- nithe a bhaineann le ceapadh an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh,
- tionacht na gcomhaltaí, agus
- nithe a bhaineann le cruinnithe, gnó agus riar na gCoistí Forbartha.

### 1.3 NA TREOIRLÍNTE A CHUR I BHFEIDHM

Is é cuspóir na dtreoirlínte seo buntacú le *Rialacháin Alt 128E*, cur chuige comhchoiteann ginearálta a chruthú i leith bhunú agus oibriú na gCoistí Forbartha agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla ina leith sin. Tugtar leis na treoirlínte lánrogha d'údaráis áitiúla socruithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena dtugtar aird ar chúinsí áitiúla agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais áitiúla ar an mbealach is fearr.

Ba cheart na treoirlínte seo a léamh i gcomhar le *Rialacháin Alt 128E* agus ciallaíonn aon tagairt do '*Rialachán*' sna treoirlínte seo rialachán atá i *Rialacháin Alt 128E*, mura luaitear a mhalairt.

De réir alt 128E(3) d'Acht 2001, ní mór d'údaráis áitiúla agus do Choistí Forbartha na treoirlínte seo a chomhlíonadh.

---

<sup>1</sup> Arna leasú leis na Rialacháin maidir le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (Alt 128E) (Leasú) (Uimh. 1), 2014

## 2. TREOIRPHRIONSABAIL NA GCOISTÍ FORBARTHA

Ba cheart obair an Choiste Forbartha a bheith á treorú ag na prionsabail ghinearálta seo a leanas—

- gné lárnach d'fhorbairt áitiúil, pobail agus tuaithe is ea cur chuige rannpháirtíoch ó bhun aníos – tá tábhacht ag baint le rannpháirtíocht fhiúntach an phobail i dtosaíochtaí agus réitigh a shainaithint agus i dtionscnaimh áitiúla agus fíis a mhúnlú do na pobail sin agus, dá bhrí sin, tá ríthábhacht ag baint le rannpháirtíocht na hearnála pobail,
- ba cheart sainordú daonlathach na gcomhaltaí údaráis áitiúil ar an gCoiste Forbartha a aithint agus a urramú,
- ba cheart an taithí agus an rannchuidiú a sholáthraíonn gach comhalta den Choiste Forbartha a aithint agus a urramú agus ba cheart cineálacha cur chuige lena mbaintear leas as láidreachtaí agus saineolas gach comhalta a fhorbairt agus a chur chun feidhme,
- béim shoiléir ar chuimsiú sóisialta – ba cheart do phobail imeallaithe, agus do dhaoine atá imeallaithe laistigh dá bpobal, an deis a bheith acu chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil agus ba cheart dóibh an chumhacht a bheith acu chun tionchar a imirt ar chinntí áitiúla agus iad a mhúnlú. Ba cheart an méid sin a léiriú i gcomhaltas an Choiste Forbartha agus sna sásraí atá i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le daoine atá eisiata go sóisialta páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i gcinnteoireacht,
- gné lárnach de thacaíocht a thabhairt do phobail inbhuanaithe agus dá n-acmhainn a fhorbairt is ea forbairt fiontair agus fostaíochta a chur chun cinn agus oiliúint agus oideachas a chur ar fáil chun tacú léi. Ba cheart an méid sin a léiriú agus cláir á bpleanáil agus á soláthar,
- má táthar chun cur chuige comhordaithe comhtháite a áirithiú i leith soláthar áitiúil seirbhísí, tá ríthábhacht ag baint le cur chuige iomlánaíoch lena dtugtar aird ar gach beartas agus straitéis ábhartha náisiúnta – lena n-áirítear, mar shampla, an Clár do Chathracha agus Contaetha Aoisbhácha in Éirinn, an Straitéis Náisiúnta Scileanna, an Straitéis um Aosú Dearfach, Éire Shláintiúil, an Straitéis Náisiúnta Míchumais agus an Clár Náisiúnta Athnuachana,
- má táthar chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní do shaoránaigh agus do phobail, tá ríthábhacht ag baint le láidreachtaí agus taithí gach gníomhaí áitiúil, ag gníomhú dóibh i gcomhpháirt agus i gcomhar lena chéile, agus le leas a bhaint as an mbonneagar forbartha áitiúla agus pobail atá ann cheana. Dá réir sin, ba cheart forbairt

a dhéanamh ar phleananna agus cláir lena mbaintear an úsáid is fearr as acmhainní áitiúla agus ba cheart tacaíocht a thabhairt dóibh,

- má táthar chun pobail bhríomhara a fhorbairt agus a chothabháil agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh, tá sé riachtanach tosca forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú isteach i bhforbairt agus cur chun feidhme beartas. Dá bhrí sin, ba cheart féachaint le forbairt agus inbhuanaitheacht áitiúil a spreagadh le linn pleananna agus cineálacha cur chuige i leith soláthar seirbhísí a cheapadh,
- ba cheart gníomhaíocht dheonach agus saoránacht ghníomhach a shaothrú mar ghnéithe lárnacha de phobail atá faoi bhláth, agus
- ba cheart béim shoiléir a chur ar an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus ar luach ar airgead a bhaint amach. Dá réir sin, ba cheart díriú ar chineálacha comhtháite fianaisebhunaithe cur chuige a fhorbairt i leith pleanáil agus soláthar áitiúil seirbhísí, ar cineálacha cur chuige iad lena bhféachtar leis an úsáid is fearr a bhaint as foinsí cistiúcháin poiblí agus príobháideacha araon.



### 3. CUSPÓIR NA GCOISTÍ FORBARTHA

Foráiltear le halt 49A den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, do Choistí Forbartha a bhunú i ngach limistéar riaracháin údaráis áitiúil chun *“cur chuige comhleanúnach comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme maidir le forbairt áitiúil agus pobail”*. Maidir leis sin, tabharfaidh gach Coiste Forbartha daoine éagsúla le chéile – comhaltaí agus oifigigh údaráis áitiúil, gníomhaireachtaí Stáit agus daoine a bhíonn ag obair go gníomhach le heagraíochtaí forbartha áitiúla, le heagraíochtaí forbartha pobail agus le heagraíochtaí eacnamaíocha, cultúrtha agus comhshaoil ina measc – chun cur chuige comhcheangailte agus trasearnála a ghlacadh i leith cláir forbartha áitiúla agus pobail. Dá bhrí sin, bainfidh na Coistí Forbartha leas as an saineolas agus an taithí atá ag gníomhaithe poiblí agus príobháideacha laistigh den limistéar údaráis áitiúil lena mbaineann ar mhaithe le seirbhísí éifeachtacha éifeachtúla a chur ar fáil do shaoránaigh agus do phobail, go háirithe na daoine sin a mbíonn an gá is mó acu leo.

Faoi mar a fhoráiltear dó san Acht—

- is ar na Coistí Forbartha a bheidh an phríomhfhreagracht as cistiú forbartha áitiúla agus pobail a chomhordú agus a phleanáil agus as maoirseacht a dhéanamh air, i gcás go mbeidh an cistiú sin á íoc ag údaráis áitiúla nó ag comhlachtaí eile forbartha áitiúla atá ag gníomhú thar ceann an Stáit,
- soláthróidh na Coistí Forbartha cur chuige níos comhcheangailte i leith cláir agus idirghabhálacha forbartha áitiúla agus pobail, agus iad ag saothrú cur chuige comhtháite i leith seirbhísí áitiúla pobalbhunaithe ar fud soláthraithe éagsúla agus ar fud struchtúir éagsúla sholáthair,
- brúfaidh na Coistí Forbartha rannpháirtíocht fhiúntach an tsaoránaigh agus an phobail chun cinn le linn cláir forbartha áitiúla agus pobail a scóipeáil, a phleanáil, a sholáthar agus a mheas,
- saothróidh na Coistí Forbartha bealach níos costéifeachtúla chun cláir forbartha áitiúla agus pobail agus struchtúir sholáthair a riar, agus iad ag cur acmhainní ar chomhréim le tosaíochtaí ar mhaithe le luach níos fearr ar airgead a bhaint amach sa dóigh a ndéantar cláir a bhainistiú agus a sholáthar,
- díreoidh na Coistí Forbartha ar fhoghlaim agus ar aiseolas, agus iad ag cur leis na naisc idir soláthar seirbhísí agus forbairt beartas, agus

- saothróidh na Coistí Forbartha na deiseanna atá ann chun cistiú breise a áirithiú dá limistéar féin, is cuma cé acu a thiocfaidh an cistiú sin ón Státchiste, ón Aontas Eorpach, ó fhoinsí príobháideacha nó ó fhoinsí eile.

## 4. FEIDHMEANNA NA gCOISTÍ FORBARTHA

### 4.1 ALT 128B DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

Leagtar feidhmeanna na gCoistí Forbartha amach in alt 128B den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Áirítear leis na feidhmeanna sin—

- maidir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail —
  - na gnéithe pobail de Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 6 bliana (an Plean) a ullmhú agus a chur chun feidhme,
  - athbhreithniú agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngnéithe pobail den Phlean agus, más cuí, leasú a dhéanamh ar na gníomhartha agus na straitéisí atá leagtha síos chun cuspóirí an Phlean a bhaint amach, agus
  - breithniú a dhéanamh ar dhréacht de na gnéithe eacnamaíocha den Phlean agus ráiteas a ghlacadh lena bhreithniú ag an gComhairle ina leith sin,
- comhordú, bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme clár forbartha áitiúla agus pobail—
  - a chomhaontófar idir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Ranna Rialtais nó comhlachtaí Stáit eile,
  - a fhoinseofar trí iarratas díreach ón gCoiste Forbartha nó ón údarás áitiúil, ag gníomhú dó thar ceann an Choiste Forbartha (e.g. cláir AE), nó
  - a chomhaontóidh an t-údarás áitiúil le gníomhaireachtaí Stáit nó Ranna Rialtais ábhartha.
- feabhas a chur ar an dóigh a gcomhordaítear cláir forbartha áitiúla agus pobail a chistítear go poiblí agus dúbláil a laghdú ina leith, agus comhordú ginearálta a dhéanamh ar chláir forbartha áitiúla agus pobail laistigh de limistéar feidhme an Choiste Forbartha, agus
- tuarascáil bhliantúil a ullmhú maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna.

Níl ann sin ach achoimre ar na feidhmeanna atá leagtha amach san Acht. Ba cheart d'údarás áitiúla agus do chomhaltaí de Choistí Forbartha cur amach a bheith acu ar na forálacha mionsonraithe atá in alt 128B.

## 4.2 FEIDHMEANNA A CHOMHLÍONADH

### 4.2.1 Feidhmeanna údaráis áitiúil a tharmligean

Na feidhmeanna a bhí ag údaráis áitiúla roimhe seo maidir le leasanna pobal a chur chun cinn, mar atá leagtha amach in alt 66 d'Acht 2001, tarmligeadh chuig na Coistí Forbartha iad le halt 128B(2).

De réir alt 66, tá gníomhartha lena gcuirtear na nithe seo a leanas chun cinn i gceist le leasanna pobail a chur chun cinn—

- cuimsiú sóisialta nó an fhorbairt shóisialta, comhshaoil, áineasa, chultúrtha nó pobail, nó
- an fhorbairt ghinearálta laistigh den limistéar riaracháin údaráis áitiúil, lena n-áirítear feidhmeanna fiontair agus eacnamaíocha a thiocfaidh as gníomhaíochtaí forbartha áitiúla agus pobail.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach gcuireann tarmligean na bhfeidhmeanna sin chuig Coistí Forbartha aon srian leis na feidhmeanna atá ag údaráis áitiúla maidir le leasanna pobal áitiúil a chur chun cinn ná le haon fheidhmeanna gaolmhara eile atá acu faoi alt 66.

### 4.2.2 Gníomhartha a chur chun feidhme thar ceann Coistí Forbartha

Féadfaidh Coistí Forbartha dul isteach i gcomhaontuithe i scríbhinn le húdaráis phoiblí, le comhlachtaí forbartha áitiúla, le comhlachtaí forbartha pobail nó le haon chomhlacht nó duine eile le haghaidh feidhmeanna a chur i gcrích a mheasann an Coiste Forbartha a bheith cuí chun comhlíonadh a fheidhmeanna a chur ar aghaidh, e.g. gníomhartha faoi na gnéithe pobail den Phlean a chur chun feidhme.

### 4.2.3 Nithe a dtabharfar aird orthu le linn feidhmeanna a chomhlíonadh

Le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, ba cheart do Choistí Forbartha aird a bheith acu ar na nithe seo a leanas—

- na hacmhainní atá ar fáil dó, nó ar dóigh dóibh bheith ar fáil dó, agus an gá atá leis an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní sin,
- an gá atá le comhoibriú agus lena ghníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí de chuid údarás áitiúil, údarás poiblí agus comhlachtaí eile a chistítear go poiblí,
- an gá atá le dul i gcomhairle le húdaráis phoiblí agus le comhlachtaí a chistítear go poiblí,
- an gá atá le comhsheasmhacht le beartais, tosaíochtaí agus cuspóirí náisiúnta a mhéid a d'fhéadfaidís dul i bhfeidhm ar fheidhmeanna na gCoistí Forbartha,

- an gá atá le haird a thabhairt ar an dea-chleachtas ó thaobh rialachais de,
- an gá atá le tosca forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú isteach i bhforbairt agus cur chun feidhme beartas, agus
- an gá atá le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

#### 4.2.4 *Neamhspleáchas an Choiste Forbartha*

Cosúil leis an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh agus leis an gCoiste Beartais Straitéisigh, tá an Coiste Forbartha ina choiste de chuid an údaráis áitiúil. Murab ionann agus an Grúpa Beartais Chorpáraidigh agus an Coiste Beartais Straitéisigh, áfach, tá an Coiste Forbartha neamhspleách ar an údarás áitiúil le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Cé go gcinneadh an Rialtas na feidhmeanna sin ó am go chéile mar a fhoráiltear dó faoin Acht Rialtais Áitiúil, is é an Coiste Forbartha agus an Coiste sin amháin a chinneadh cén dóigh a gcomhlíonfar na feidhmeanna sin agus a dhéanfaidh aon chinneadh atá le déanamh le linn na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

Foráiltear go sainráite don neamhspleáchas sin in ailt 49A(2) agus 128B(8) d'Acht 2001.

### 4.3 COMHAIRLE AGUS FAISNÉIS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Ceanglaítear ar an bPríomhfheidhmeannach comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choiste Forbartha i gcoitinne maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna (alt 132(3) d'Acht 2001, arna leasú le halt 47 d'Acht 2014). Má mheasann an Príomhfheidhmeannach nó an Coiste Forbartha go bhfuil comhairle nó cúnamh ag teastáil, ba cheart don Phríomhoifigeach agus do Chathaoirleach an Choiste Forbartha a shocrú go mbeadh an méid sin ar fáil don chruinniú ábhartha de chuid an Choiste Forbartha. I gcás go n-iarrfaidh an Coiste Forbartha comhairle nó cúnamh, ba cheart don Phríomhfheidhmeannach a chinntiú go gcuirfeadh an méid sin ar fáil do na comhaltaí den Choiste Forbartha, nuair is féidir agus nuair is cuí, a luaithe a bheidh an comhairle nó an cúnamh sin ar fáil agus roimh an gcéad chruinniú eile de chuid an Choiste Forbartha. Ní mór don Choiste Forbartha aird a bheith aige ar an gcomhairle nó an cúnamh ón bPríomhfheidhmeannach le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Féadfaidh an Coiste Forbartha, nó Cathaoirleach an Choiste Forbartha, iarraidh ar an bPríomhfheidhmeannach freisin faisnéis atá i seilbh an údaráis áitiúil, nó faisnéis atá ar fáil ag an bPríomhfheidhmeannach, maidir le gnó an Choiste Forbartha a chur ar fáil. Sa chleachtas, déanfar é sin a chomhaontú agus a shocrú idir an Príomhoifigeach agus an Cathaoirleach. Ba cheart aon fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil do na comhaltaí den Choiste Forbartha a luaithe a bheidh sí ar fáil (alt 136 d'Acht 2001, arna leasú le halt 51 d'Acht 2014).

## 4.4 TUAIRIMÍ A CHUIRFIDH COMHALTAÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL IN IÚL AG AN GCOISTE FORBARTHA

Ceanglaítear ar an bPríomhfheidhmeannach aird a bheith aige/aici ar na tuairimí a chuirfidh comhaltaí údaráis áitiúil in iúl le linn dóibh feidhmeanna feidhmiúcháin an údaráis áitiúil a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon tuairimí den sórt sin a chuirfear in iúl ag cruinniú den Choiste Forbartha (alt 149(7) d'Acht 2001, arna leasú). I gcás gur gá tuairimí den sórt sin a thabhairt ar aird an Phríomhfheidhmeannaigh, socróidh Cathaoirleach an Choiste Forbartha agus an Príomhoifigeach go soláthrófar iad sin don Phríomhfheidhmeannach agus do chomhghleacaithe eile ar fhoireann an údaráis áitiúil, de réir mar is cuí.

**Tabhair faoi deara:** agus “aird a bheith aige/aici” ar thuairimí a chuirfidh comhaltaí údaráis áitiúil in iúl, ceanglaítear ar an bPríomhfheidhmeannach breithniú a dhéanamh orthu agus ar gach ní eile a gceanglaítear air/uirthi le dlí breithniú a dhéanamh orthu agus a measann an Príomhfheidhmeannach go bhfuil sé stuama breithniú a dhéanamh orthu ar chúiseanna dea-rialachais nó beartais nó ar chúiseanna eile.

## 5. COISTÍ FORBARTHA A BHUNÚ AGUS A OIBRIÚ

### 5.1 COISTÍ FORBARTHA A BHUNÚ

Foráiltear le halt 49A(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, go mbunófar Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, nó Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, le rún ó gach údarás áitiúil i ndáil lena limistéar riaracháin. Tá Coistí Forbartha ar bun i ngach ceann de na 31 limistéar údaráis áitiúil anois.

### 5.2 TOGRAÍ LE HAGHAIDH COISTÍ FORBARTHA BREISE A BHUNÚ

Tríd is tríd, beidh Coiste Forbartha amháin ann in aghaidh an limistéir údaráis áitiúil. I gcúinsí eisceachtúla, agus sna húdaráis áitiúla is mó de ghnáth, d'fhéadfadh, de bharr cúinsí áitiúla, gur ghá níos mó ná Coiste Forbartha amháin a bhunú. In aon chás, ní fhéadfar rún ó údarás áitiúil chun níos mó ná Coiste Forbartha amháin a bhunú a rith **gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón Aire** (alt 49A(3)).

Ba cheart na nithe seo a leanas a leagan amach in aon iarraidh ó údarás áitiúil chun níos mó ná Coiste Forbartha amháin a bhunú—

- an réasúnaíocht is bun leis an togra, i.e. na cúiseanna a bhfuil níos mó ná Coiste Forbartha amháin ag teastáil,
- na tairbhí a fhabhróidh an limistéar údaráis áitiúil, agus
- na bearta a dhéanfaidh an t-údarás áitiúil chun a chinntiú go gcomhordófar gníomhaíochtaí idir na Coistí Forbartha difriúla agus go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní ar fud an limistéir údaráis áitiúil ar fad.

Agus Coiste Forbartha á bhunú aige tar éis cead a fháil ón Aire déanamh amhlaidh, déanfaidh an t-údarás áitiúil—

- rún a rith lena mbunaítear an Coiste Forbartha (alt 49A),
- comhdhéanamh leathan an Choiste Forbartha agus na hearnálacha dá ndéanfar ionadaíocht air a chomhaontú (alt 128C(3)(a)),
- ainmnithigh a lorg ó na leasanna earnála a shainaitheofar agus comhaltaí údaráis áitiúil a ainmniú (alt 128C(3)(a)), agus
- an comhaltas a cheadú (alt 128C(3)(b)).

## 5.3 COMHALTAS NA gCOISTÍ FORBARTHA A CHOMHAONTÚ

Agus an comhaltas á bhunú aige/aici, cinntídh an Príomhoifigeach na nithe seo a leanas (i gcomhréir le **Rannán 6, Comhaltas na gCoistí Forbartha**), agus aird aige/aici ar a thábhachtaí atá sé cur chuige ‘ó bhun aníos’ a chinntiú, agus ag gníomhú dó/di i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh—

- an líon comhaltaí, agus
- an comhdhéanamh ginearálta agus na leasanna earnála dá ndéanfar ionadaíocht.

Ar aon dul leis an gcur chuige a chomhaontófar leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh, déanfaidh an Príomhoifigeach ainmnithigh a lorg go foirmiúil ó na leasanna earnála ábhartha agus ainmneoidh an t-údarás áitiúil na hionadaithe is comhaltaí údaráis áitiúil.

Déanfar comhaltas na gCoistí Forbartha a chumrú chun an ionadaíocht is leithne is féidir a dhéanamh don raon leasanna áitiúla. Agus an comhaltas á bhainistiú aige/aici, mar sin, ní mór don Phríomhoifigeach a chinntiú go ndéanfar cothromaíocht chuí comhaltaí agus meascán cuí comhaltaí a bhaint amach agus a chothabháil. Áirítear leis sin a chinntiú nach mbeidh níos mó ná comhalta amháin ag déanamh ionadaíocht don aon chomhlacht nó leas amháin agus go dtabharfar an ról is leithne is féidir do phobail ar an gCoiste Forbartha. Ba cheart don Phríomhoifigeach a chinntiú freisin, le linn dó/di an comhaltas a chinneadh agus a bhainistiú, go n-íoslaghdófar coinbhleachtaí leasa féideartha agus go dtabharfar aghaidh orthu a luaithe is féidir (i gcomhréir le Rannán 6.6 Comhaltas agus Coinbhleachtaí Leasa).

A luaithe a ainmneofar na comhaltaí údaráis áitiúil agus a gheofar na hainmnithigh ó na leasanna earnála ábhartha, ba cheart don Phríomhoifigeach an liosta ainmnitheach a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil lena cheadú. Ceanglaítear leis an Acht ar an údarás áitiúil an comhaltas a cheadú gan aon ní a chur leis ná a fhágáil ar lár. Ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, ba cheart an comhaltas a cheadú ag an gcruinniú den údarás áitiúil ag a gcuirfeadh é i láthair den chéad uair. De ghnáth, ba cheart an méid sin a dhéanamh ag an gcéad chruinniú den údarás áitiúil tar éis na comhaltaí údaráis áitiúil a ainmniú chuig an gCoiste Forbartha (*Rialachán 4*).



## 5.4 COMHALTAÍ NUA A CHEADÚ

Tá Coistí Forbartha ar bun i ngach limistéar údaráis áitiúil ó Fhómhar na bliana 2014 agus comhaontaíodh an comhaltas tosaigh i ngach cás. Beidh gá ann, áfach, leis an gcomhaltas a athbhreithniú agus a leasú ó am go chéile.

Ní mór don údarás áitiúil ceapadh aon chomhaltaí nua a cheadú (alt 128C(3)(b)).

Is ar chúiseanna éagsúla a athróidh comhaltas na gCoistí Forbartha—

- d'fhéadfadh go mbeadh comhaltaí breise ag teastáil de bharr scor nó uainíocht comhaltaí,
- chun leasanna earnála difriúla a áireamh de réir mar a athróidh tosaíochtaí le himeacht ama,
- d'fhéadfadh go mbeadh gá ann le comhaltaí a ionadú de bharr coinbhleacht leasa nó de bharr drochfhreastail,
- d'fhéadfadh go n-athródh ionadaithe na ngníomhaireachtaí Stáit de bharr athrú ar a ról, agus athróidh comhaltaí údaráis áitiúil tar éis toghcháin, agus
- cuirfear comhaltaí nua ar aghaidh trí phróisis ainmniúcháin d'earnálacha eile ag amanna difriúla, i.e. Líonraí Rannpháirtíochta Pobail.

## 5.5 COISTÍ FORBARTHA A DHÍSCAOILEADH

Murab ionann agus coistí eile údaráis áitiúil (e.g. Coistí Beartais Straitéisigh, áit a scoirfidh comhaltas an choiste de bheith i bhfeidhm a luaithe a rachaidh an chomhairle amach agus a mbunófar coiste nua tar éis gach toghcháin áitiúil), is amhlaidh, ar chúiseanna praiticiúla agus ar mhaithe le leanúnachas, nach scoirfidh comhaltas an Choiste Forbartha de bheith i bhfeidhm ar ghnáthlá scoir na gcomhaltaí údaráis áitiúil. Dá bhrí sin, leanfaidh Coistí Forbartha le bheith bunaithe ar an ghnáthlá scoir (alt 49A(6) d'Acht 2001). Déanfaidh an t-údarás áitiúil na comhaltaí tofa a ainmniú nó a athainmniú, de réir mar is cuí, chuig an gCoiste Forbartha.

I gcúinsí teoranta agus eisceachtúla áirithe, áfach, d'fhéadfadh gur ghá Coiste Forbartha nó Coistí Forbartha a dhíscaoileadh. D'fhéadfaí Coiste Forbartha a dhíscaoileadh de bharr na nithe seo a leanas—

- togra go ndéanfaí roinnt Coistí Forbartha a bhunú in áit nach raibh ach Coiste Forbartha amháin ann roimhe sin – i gcúinsí den sórt sin, dhéanfaí an Coiste Forbartha bunaidh a dhíscaoileadh agus bhunófaí Coistí Forbartha ina áit, agus
- togra nach mbeadh ach Coiste Forbartha amháin ann i limistéar údaráis áitiúil ina raibh roinnt Coistí Forbartha bunaithe roimhe sin – i gcúinsí den sórt sin, dhéanfaí na Coistí Forbartha a bhí ann cheana a dhíscaoileadh agus bhunófaí Coiste Forbartha amháin ina n-áit.

Ní fhéadfaidh ach údarás áitiúil togra le haghaidh Coiste Forbartha a dhíscaoileadh a thionscnamh. Mar sin féin, ní fhéadfar rún ó údarás áitiúil lena ndíscaoiltear Coiste Forbartha a rith ach le **cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón Aire**. Agus cead á lorg aige/aici chun Coiste Forbartha a dhíscaoileadh, ba cheart don údarás áitiúil na nithe seo a leanas a leagan amach—

- na cúiseanna ar cheart an Coiste Forbartha a dhíscaoileadh,
- na socruithe maidir le feidhmeanna an Choiste Forbartha a chomhlíonadh amach anseo,
- sonraí faoi chomhairliúcháin a rinneadh le geallsealbhóirí, le saoránaigh agus le pobail maidir leis na socruithe beartaithe nua,
- na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leis an díscaoileadh agus an dóigh a mbainisteofar iad sin,
- na tairbhí a bhainfidh saoránaigh agus pobail as na socruithe malartacha, agus
- amchlár mionsonraithe le haghaidh an Coiste Forbartha a dhíscaoileadh agus le haghaidh socruithe malartacha a bhunú.

## 6. COMHALTAS NA gCOISTÍ FORBARTHA

### 6.1 COMHDHÉANAMH NA gCOISTÍ FORBARTHA

Beidh na Coistí Forbartha comhdhéanta de chomhpháirtithe socheacnamaíocha ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, a tharraingeofar ón limistéar riaracháin údaráis áitiúil lena mbaineann. Ar aon dul leis na moltaí ón nGrúpa Stiúrtha Ailínithe agus leis an deachleachtas idirnáisiúnta, beidh comhaltas na gCoistí Forbartha sainithe go docht agus ní bheidh níos mó ná 19 gcomhalta acu de ghnáth. Fágfaidh sé sin go mbeidh príomhleasanna áitiúla in ann ionadaíocht a dhéanamh do raon tuairimí agus dearcthaí éagsúla agus go mbeidh an comhaltas sách docht ag an am céanna chun oibriú dírithe éifeachtach an Choiste Forbartha a chinntiú.

Déanfar an comhaltas beacht agus an líon comhaltaí a chinneadh go háitiúil de réir na dtreoirilínte agus na rialachán ábhartha i Rialacháin Alt 128E maidir le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil. Ba cheart cothromaíocht ionadaíoch chúil idir leasanna earnála poiblí agus leasanna earnála príobháidí a bheith ann sa chomhaltas, agus meascán chomh leathan agus is féidir de phríomhleasanna áitiúla á éascú ann ag an am céanna.

Ar Choiste Forbartha 19 nduine, beidh **naonúr** comhaltaí earnála poiblí ar a mhéad ann agus beidh **deichniúr** comhaltaí earnála príobháidí ar a laghad ann.

Áireofar na daoine seo a leanas le comhaltaí earnála poiblí—

- comhaltaí údaráis áitiúil,
- oifigigh údaráis áitiúil, agus
- gníomhaireachtaí Stáit.

Tarraingeofar leasanna earnála príobháidí uathu seo a leanas—

- leasanna pobail agus deonacha,
- leasanna cuimsithe shóisialta,
- leasanna comhshaoil,
- comhlachtaí forbartha áitiúla agus comhlachtaí forbartha pobail,
- leasanna feirmeoireachta/talmhaíochta,
- leasanna gnó/fostóirí,

- leasanna ceardchumainn, agus
- leasanna áitiúla agus pobail ábhartha eile.

Maidir le húdaráis áitiúla a bhfuil **níos mó ná 40 comhalta tofa** acu, féadfar comhaltas an Choiste Forbartha a mhéadú go **21 chomhalta ar a mhéad** chun a chinntiú go mbeidh ionadaíocht leordhóthanach comhaltaí údaráis áitiúil ann. Ba cheart an chothromaíocht chuí a chothabháil idir comhaltaí earnála poiblí agus comhaltaí earnála príobháidí, e.g. ar Choiste Forbartha 21 dhuine, beidh **deichniúr** comhaltaí earnála poiblí ar a mhéad ann agus tarraingeofar **11** chomhalta ar a laghad ón earnáil phríobháideach.

Ar Choiste Forbartha 15 dhuine, beidh **seachtar** comhaltaí earnála poiblí ar a mhéad ann agus beidh **ocht** comhaltaí earnála príobháidí ar a laghad ann.

Ar Choiste Forbartha 17 nduine, beidh **ocht** comhaltaí earnála poiblí ar a mhéad ann agus beidh **naonúr** comhaltaí earnála príobháidí ar a laghad ann.

## 6.2 IONADAÍOCHT LEASANNA EARNÁLA POIBLÍ

### 6.2.1 Údaráis áitiúla

Déanfaidh comhaltaí údaráis áitiúil agus oifigigh údaráis áitiúil araon ionadaíocht don rialtas áitiúil ar an gCoiste Forbartha.

#### *Comhaltaí údaráis áitiúil*

Beidh triúr comhaltaí údaráis áitiúil ar a laghad ann ar **Choiste Forbartha 19 nduine**. Agus comhaltaí údaráis áitiúil á roghnú, ba cheart aird a thabhairt ar na treoirínte ón gCoiste Beartais Straitéisigh maidir le hionadaíocht comhaltaí údaráis áitiúil ar choistí. Dá réir sin, ba cheart do chomhaltaí údaráis áitiúil an deis a bheith acu chun fónamh ar Choistí Forbartha nó ar Choistí Beartais Straitéisigh.

Féadfaidh comhaltaí údaráis áitiúil fónamh ar an gCoiste Forbartha ar feadh shaolré na Comhairle; a luaithe a scoirfidh aon duine dá bheith ina c(h)omhalta údaráis áitiúil, áfach, scoirfidh sé/sí go huathoibríoch dá bheith ina c(h)omhalta den Choiste Forbartha.

Ní fhéadfaidh comhaltaí údaráis áitiúil ionadaíocht a dhéanamh do leasanna earnála eile agus ní fhéadfar iad a ainmniú chun déanamh amhlaidh, e.g. ní fhéadfaidh siad ionadaíocht a dhéanamh do leasanna pobail agus deonacha, do leasanna cuimsithe shóisialta, do chomhlachtaí forbartha áitiúla ná do chomhlachtaí forbartha pobail, etc.

Mar gheall ar chomhdhéanamh ar leith an Choiste Forbartha, d'fhéadfadh nach mbeifí in ann a chinntiú go ndéanfadh na comhaltaí údaráis áitiúil ar an gCoiste Forbartha ionadaíocht do gach ceantar bardasach. Ba cheart an ionadaíocht comhaltaí údaráis áitiúil a bheith ag teacht, a mhéid is féidir, leis na ceantair bhordasacha dhifriúla.

Mar an gcéanna, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun cothromaíocht inscne a chinntiú i measc na gcomhaltaí údaráis áitiúil ar an gCoiste Forbartha agus i measc na gcomhaltaí den Choiste Forbartha i gcoitinne.

Foráiltear le Sceideal 10, míreanna 18 agus 19, a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001, do ghné bhunúsach comhréireachta i gceapacháin chuig coistí, etc. Cé go bhfeidhmíonn cuid mhór údarás áitiúil a socruithe áitiúla féin (mar a cheadaítear leis an Acht dóibh déanamh amhlaidh) ar mhaithe le cothrom na féinne a chinntiú do gach duine lena mbaineann, ní bhítear in ann dea-thoil agus dea-chleachtas den sórt sin a sholáthar i ngach cás. Tá sé tábhachtach, mar sin, go ndéanfaidh údaráis áitiúla cur chuige a ghlacadh agus a chur chun feidhme lena gcinntítear go gcaithfear leis na leasanna polaitiúla éagsúla agus na leasanna eile sa chomhairle ar fad ar bhealach cóir agus go ndéanfar ionadaíocht chothrom dóibh ar Choistí Forbartha, nuair is féidir.

Beidh **beirt** comhaltaí údaráis áitiúil ar a laghad ann ar **Choiste Forbartha 15 dhuine**.

Beidh **triúr** comhaltaí údaráis áitiúil ar a laghad ann ar **Choiste Forbartha 17 nduine**.

Beidh **cúigear** comhaltaí údaráis áitiúil ar a laghad ann ar Choiste Forbartha a bhfuil níos mó ná **19 gcomhalta** aige.

#### *Oifigigh údaráis áitiúil*

I ngach cás, beidh beirt comhaltaí ina n-oifigigh údaráis áitiúil. Ar an gcéad ásc, beidh an Príomhfheidhmeannach nó oifigeach eile údaráis áitiúil a n-ainmneoidh an Príomhfheidhmeannach é/í ina c(h)omhalta. Beidh an Ceann Fiontair Áitiúil ina c(h)omhalta freisin fad a bheidh an post sin ina s(h)eilbh.

Beidh an Príomhfheidhmeannach, nó a (h)ainmnitheach, ina c(h)omhalta fad is cuí leis an bPríomhfheidhmeannach. Scoirfidh siad dá bheith ina gcomhaltaí den Choiste Forbartha a luaithe a scoirfidh siad dá bheith ina n-oifigigh údaráis áitiúil.

#### *6.2.2 Údaráis phoiblí (gníomhaireachtaí Stáit san áireamh)*

Tarraingeofar beirt comhaltaí ar a laghad ó údaráis phoiblí a sholáthraíonn seirbhísí sa limistéar riaracháin údaráis áitiúil. Ní fhéadfaidh ach na húdaráis phoiblí sin a dhíríonn ar shaincheist áitiúil ar leith a bheith ina gcomhaltaí, e.g. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Boird Oideachais agus Oiliúna, Coistí na Seirbhísí do Leanai agus do Dhaoine Óga, Institiúidí Tríú Leibhéal, Teagasc, etc. Dá réir sin, níor cheart

ainmnithigh a lorg ó údaráis phoiblí a bhfuil sainchúram réigiúnach/náisiúnta orthu nó a dhíríonn go príomha ar shaincheisteanna réigiúnacha/náisiúnta, amhail an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, Fiontraíocht Éireann, etc.

I limistéir Ghaeltachta, go háirithe iad sin i gCorcaigh, i gCiarraí, i Maigh Eo, i nGaillimh agus i nDún na nGall, ba cheart ainmnithigh a lorg ó Údarás na Gaeltachta.

Tá liosta táscach de na húdaráis phoiblí a d'fhéadfaí a bhreithniú le haghaidh comhaltais leagtha amach sa tábla ar leathanach 28.

## 6.3 IONADAÍOCHT LEASANNA EARNÁLA PRÍOBHÁIDÍ

### 6.3.1 *Leasanna pobail agus deonacha*

De réir alt 127 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, cuireadh Líonraí Rannpháirtíochta Pobail ar bun i ngach limistéar údaráis áitiúil. Is trí na Líonraí sin a ainmneofar leasanna pobail agus deonacha chuig struchtúir agus coistí údaráis áitiúil amhail Coistí Beartais Straitéisigh agus Coistí Forbartha Pobail Áitiúil.

### 6.3.2 *Comhaltaí a roghnú*

Maidir leis an ionadaíocht ar Choistí Forbartha, is ó thrí 'choláiste' a tharraingeofar ionadaithe ó gach Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Déanfaidh na coláistí ionadaíocht do na nithe seo a leanas—

- leasanna pobail agus deonacha,
- leasanna cuimsithe shóisialta, agus
- leasanna comhshaoil.

Dá réir sin, ba cheart ionadaithe pobail a lorg ón Líonra Rannpháirtíochta Pobail mar seo a leanas—

- leasanna pobail agus deonacha – **beirt** chomhaltaí ar a laghad,
- leasanna cuimsithe shóisialta – **beirt** chomhaltaí ar a laghad,
- leasanna comhshaoil – comhalta **amháin** ar a laghad.

Ba cheart ionadaithe na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail a lorg de réir na dTreoirlínte maidir le Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus de réir aon rialachán ábhartha ón Aire. Féadfaidh údaráis áitiúla a mórchríteir féin a leagan síos freisin chun a chinntiú go mbeidh ionadaíocht chuí ann ó na trí choláiste agus go mbeidh meascán cuí scileanna agus inniúlachtaí ann ar fud

chomhaltas an Choiste Forbartha i gcoitinne. Ba cheart aon chritéir den sórt sin a bheith ag teacht le treoirlínte nó le rialacháin arna n-eisiúint maidir le Líonraí Rannpháirtíochta Pobail.

### *6.3.3 Líonraí Rannpháirtíochta Pobail*

Is é an Líonra Rannpháirtíochta Pobail an príomhnasc trína dtéann an t-údarás áitiúil i dteagmháil leis na grúpaí pobail, deonacha, cuimsithe shóisialta agus comhshaoil sa limistéar údaráis áitiúil agus trína bhfoinsítear ionadaíocht pobail do choistí cuí údaráis áitiúil, lena n-áirítear Coistí Forbartha Pobail Áitiúil. Chomh maith leis sin, gníomhaíonn an Líonra Rannpháirtíochta Pobail mar mheán le haghaidh sreafaí faisnéise chuig an gcoiste ábhartha údaráis áitiúil agus ón gcoiste ábhartha údaráis áitiúil araon.

#### *Nascghrúpaí*

Bunaítear Nascghrúpaí laistigh den Líonra Rannpháirtíochta Pobail chun comhaltaí a bhfuil comhleas acu a chumasú páirt a ghlacadh sna cinntí ó údaráis áitiúla ar nithe a bhaineann leo agus tionchar a imirt ar na cinntí sin. Ní hé amháin go n-éascaíonn sé roghnú ionadaithe na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail chuig struchtúir chinnteoireachta údaráis áitiúil (e.g. na Coistí Forbartha), ach éascaíonn an Nascghrúpa freisin sreabhadh idirphlé agus faisnéise dhá bhealach ón struchtúr ábhartha údaráis áitiúil agus chuig an struchtúr ábhartha údaráis áitiúil araon.

#### *Ról ionadaithe na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail ar Choistí Forbartha*

Ceanglaítear ar ainmnithigh ionadaíocht a dhéanamh don Líonra Rannpháirtíochta Pobail ar fad ar an gCoiste Forbartha. Dá réir sin, tá siad cuntasach do chomhaltas an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Ní dhéanann ainmnithigh ionadaíocht dá gcomhlacht ná dá leasanna féin ar an gCoiste Forbartha.

Is é seo a leanas an ról sonrath atá ag na hionadaithe—

- aird an Choiste Forbartha a tharraingt ar shaincheisteanna ábhartha ón Líonra Rannpháirtíochta Pobail, agus
- aiseolas a thabhairt dá Nascghrúpa, dá gColáiste Toghcháin agus/nó dá gCruinniú Iomlánach, de réir mar is cuí, ar na torthaí ar na cruinnithe beartais agus ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas.

#### *Socruithe eatramhacha*

Ar feitheamh bhunú na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, cuireadh socruithe eatramhacha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfaí ionadaíocht do na leasanna éagsúla. Ós rud é go bhfuil Líonraí Rannpháirtíochta Pobail ar bun i ngach limistéar anois, ba cheart do Phríomhoifigigh a

chinntiú go ndéanfar comhaltaí a comhaontaíodh trí na socruithe eatramhacha a ionadú nó a athdheimhniú mar chomhaltaí trí na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail.

#### *6.3.4 Comhlachtaí forbartha áitiúla agus comhlachtaí forbartha pobail*

Ba cheart ainmnitheach amháin ar a mhéad a lorg ó gach cuideachta forbartha áitiúla i limistéar riaracháin an Choiste Forbartha (féach Aguisín 3 le haghaidh cuideachtaí ábhartha). Lorgófar triúr comhaltaí ar a mhéad chun ionadaíocht a dhéanamh do na cuideachtaí forbartha áitiúla sa limistéar. I gcás gurb ann do níos mó ná trí chuideachta, ba cheart don Phríomhoifigeach triúr ainmnitheach a lorg chun ionadaíocht a dhéanamh do na cuideachtaí uile.

I gcás gur lorgaíodh ainmniúcháin ó chuideachtaí forbartha áitiúla agus nach bhfuarthas ceann ar bith díobh, nó gur dhiúltaigh cuideachta d'ainmniúchán a thabhairt, ba cheart ainmnithigh a lorg ó chomhlachtaí eile forbartha áitiúla nó forbartha pobail a oibríonn sa limistéar. I gcúinsí den sórt sin, ba cheart ainmnitheach amháin ar a laghad, agus nach mó ná triúr ainmnitheach, a lorg chun ionadaíocht a dhéanamh do chomhlachtaí den sórt sin, faoi réir líon uasta de dhuine amháin in aghaidh an chomhlachta.

#### *6.3.5 Leasanna eile pobail áitiúil*

I dteannta na gcomhaltaí a tharraingeofar ó na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, féadfar comhaltaí a lorg chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna eile sochaí sibhialta nó pobail áitiúil freisin, lena n-áirítear leasanna feirmeoireachta/talmhaíochta, leasanna gnó/fostóirí, leasanna ceardchumainn, etc. Agus iad ag déanamh cinneadh ar an ngá atá le hionadaíocht den sórt sin, ba cheart don Phríomhoifigeach agus don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh aird a bheith acu ar na nithe seo a leanas—

- an gá atá ann go ndéanfaí ionadaíocht don mheascán leasanna is leithne is féidir,
- an bhéim a chuireann an Coiste Forbartha ar fhorbairt inbhuanaithe shóisialta agus eacnamaíoch, agus an gá atá le comhaltaí a dhéanann ionadaíocht do phobail atá eisiata nó imeallaithe go sóisialta agus do leasanna gnó/fostóirí araon, agus
- an gá atá le socruithe ainmniúcháin atá oscailte agus trédhearcach agus lena soláthraítear ainmnithigh atá ionadaíoch do na leasanna ar ainmníodh iad chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh.

Maidir le clár LEADER, rinneadh ionadaíocht don earnáil feirmeoireachta/talmhaíochta ar ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta tuaithe faoi chláir roimhe seo. Cé nach bhforordaítear leis an gclár rialála nua go ndéanfar ionadaíocht don earnáil feirmeoireachta/talmhaíochta, molann an Roinn go láidir gur cheart leasanna feirmeoireachta/talmhaíochta a chur ar áireamh i ngach Coiste Forbartha faoin tuath. Molann an Roinn gur cheart ainmniúcháin a lorg go lárnach ón



gColún Náisiúnta Feirmeoireachta (féach Aguisín 2). Féadfaidh údaráis áitiúla socruithe áitiúla a chur i bhfeidhm le leasanna áitiúla feirmeoireachta agus talmhaíochta, áfach, i gcás go measfaidh siad an cur chuige sin a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Ba cheart a chinntiú leis na socruithe áitiúla sin go mbeidh ainmnithigh ionadaíoch do gach leas áitiúil feirmeoireachta/talmhaíochta.

Cé nach bhforordaítear go ndéanfar ionadaíocht do cheardchumainn ar an gCoiste Forbartha, molann an Roinn gurb amhlaidh, i gcás go measfar ionadaíocht ceardchumainn a bheith cuí, go lorgófar ainmniúcháin go lárnach ón gColún Náisiúnta Ceardchumainn (féach Aguisín 2). Féadfaidh údaráis áitiúla socruithe áitiúla a chur i bhfeidhm le leasanna ceardchumainn, áfach, i gcás go measfaidh siad an cur chuige sin a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Ba cheart a chinntiú leis na socruithe áitiúla sin go mbeidh ainmnithigh ionadaíoch do gach leas ceardchumainn sa limistéar.

Cé nach bhforordaítear go ndéanfar ionadaíocht do leasanna gnó/fostóirí, molann an Roinn gurb amhlaidh, i gcás go measfar ionadaíocht den sórt sin a bheith riachtanach, go lorgófar ainmniúcháin go lárnach ón gColún Náisiúnta Gnó (féach Aguisín 2). Mar an gcéanna, féadfar socruithe áitiúla a chur i bhfeidhm i gcás go measfar go bhfuil sé níos cuí déanamh amhlaidh. Mar sin féin, ba cheart a chinntiú leis na socruithe áitiúla sin go mbeidh ainmnithigh ionadaíoch do gach leas gnó/fostóirí.

Mar aon le hionadaíocht cuideachta forbartha áitiúla, d'fhéadfadh go mbeadh sé cuí, i gcúinsí áirithe, ionadaíocht a lorg freisin ó chomhlachtaí eile forbartha áitiúla nó forbartha pobail a oibríonn i limistéar riaracháin an Choiste Forbartha. Is bunaithe ar an riachtanas áitiúil a dhéanfaidh an Príomhoifigeach agus an Grúpa Beartais Chorparáidigh cinneadh ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le hionadaíocht den sórt sin agus ar na socruithe a chuirfear i bhfeidhm chun ainmnithigh a lorg.

## 6.4 COMHALTAÍ BREISE CHUN CRÍOCHA BAINISTÍOCHTA CLÁR

Le linn dóibh cláir a sholáthar, d'fhéadfadh gur ghá do Choistí Forbartha dul i bpáirt le comhlachtaí eile agus, ar an mbealach sin, mórstruchtúr comhcheangailte a chruthú ionas gur féidir leo ceanglais chláir áirithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear clár LEADER, clár PEACE agus cláir eile forbartha áitiúla. D'fhéadfadh go bhféachfadh Coiste Forbartha le dul i bpáirt le comhaltaí breise, mar shampla, chun comhpháirtíocht PEACE a chruthú ar mhaithe le cistiú PEACE a riar nó chun grúpa áitiúil gníomhaíochta LEADER a chruthú chun críocha LEADER.

Cé nach mbeidh comhpháirtithe den sórt sin ina gcomhaltaí den Choiste Forbartha *per se*, is amhlaidh, i gcomhar leis na comhaltaí den Choiste, go mbeidh siad ina gcomhaltaí den mhórstruchtúr comhcheangailte, e.g. Comhpháirtíocht PEACE nó grúpa áitiúil gníomhaíochta LEADER. Sa chleachtas, d'fhéadfadh go nglacfadh na comhpháirtithe breise páirt ansin sa chruinniú den Choiste Forbartha ag a bpléifear na míreanna ábhartha cláir oibre, ag brath ar an dóigh a n-eagraítear gnó an Choiste Forbartha.

Ní bheidh aon athrú reachtach ag teastáil ina leith sin.

## 6.5 DÍCHÁILIÚ Ó CHOMHALTAS

I gcúinsí teoranta áirithe, féadfar duine a dhícháiliú óna bheith ina c(h)omhalta den Choiste Forbartha. Áireofar leo sin daoine—

- ar iad a chiontú ar díotáil i gcúirt dlínse inniúla, ar cuireadh téarma príosúnachta orthu,
- a ciontaíodh i gcion lena mbaineann calaois nó caimiléireacht, nó
- a dícháilíodh nó a srianadh óna bheith ina stiúrthóir ar aon chuideachta.

Ba cheart gach comhlacht ainmniúcháin ábhartha a chur ar an eolas faoi na ceanglais sin nuair a bheidh ainmnithigh á lorg. Ina theannta sin, ba cheart ceanglas a chur ar chomhaltaí dearbhú foirmiúil a thabhairt don Phríomhoifigeach—

- nach bhfuil siad dícháilithe ó chomhaltas ar cheann ar bith de na forais atá liostaithe thuas, agus
- go gcuirfidh siad an Príomhoifigeach ar an eolas, a luaithe is féidir, faoi aon athrú ar na cúinsí sin.

## 6.6 COMHALTAS AGUS COINBHLEACHTAÍ LEASA

Ceist thábhachtach don Phríomhoifigeach agus don Ghrúpa Beartais Chorporáidigh agus ainmnithigh á lorg acu chuig an gCoiste Forbartha is ea an fhéidearthacht go dtiocfadh coinbhleachtaí leasa chun cinn i measc comhaltaí. Cé nach bhfuil coinbhleacht leasa fhéideartha ina foras uathoibríoch le duine a dhícháiliú óna bheith ina c(h)omhalta den Choiste Forbartha, is ceist thábhachtach í nuair atáthar ag cinneadh cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar le hainmniúchán.

D'fhéadfadh go dtiocfadh coinbhleacht chun cinn, mar shampla, i gcás go bhfuil an duine ina c(h)omhalta den Choiste Forbartha agus ina c(h)omhalta freisin d'eagraíocht pobail nó dheonach, de chomhlacht forbartha pobail nó de chomhlacht forbartha áitiúla a sholáthraíonn cláir thar ceann an Choiste Forbartha (nó de chomhlacht/eagraíocht ar dóigh dó/di cláir a sholáthar nó iarratas a dhéanamh ar chláir a sholáthar amach anseo). Cé go mbíonn coinbhleacht den sórt sin dosheachanta mar gheall ar chineál chomhaltas an Choiste Forbartha, tá sé riachtanach, ar mhaithe le hoibriú éifeachtach an Choiste Forbartha, go laghdófar rioscaí den sórt sin a mhéid is féidir.

Ní fhéadfaidh níos mó ná comhalta boird amháin ná níos mó ná fostaí amháin de chuid aon eagraíochta pobail nó deonaí, aon chomhlachta forbartha pobail nó aon chomhlachta forbartha áitiúla ar leith ar an gCoiste Forbartha a bheith ina c(h)omhalta den Choiste Forbartha. Ba cheart don Phríomhoifigeach an ní sin a phlé le comhlachtaí ainmniúcháin nuair a bheidh sé/sí ag iarraidh ainmnitheach ar an gcéad ásc agus de réir mar a thiocfaidh saincheisteanna coinbhleachta leasa féideartha chun cinn le linn gnáthoibríochtaí.

Comhaltaí agus oifigigh údaráis áitiúil ar comhaltaí boird iad d'aon eagraíocht pobail nó dheonach, d'aon chomhlacht forbartha pobail nó d'aon chomhlacht forbartha áitiúla dá ndéantar ionadaíocht ar an gCoiste Forbartha, ní fhéadfaidh siad a bheith ina gcomhaltaí den Choiste Forbartha.

Féach freisin Rannán 10.2 — Córait

## 6.7 CÓD IOMPAIR DO CHOMHALTAÍ COISTE

Ceanglaítear ar gach comhalta den Choiste Forbartha caighdeáin chúí ionracais, iompair agus airde ar leas an phobail a choimeád. Na forálacha atá sa *Chód Iompair do Chomhairleoirí* agus sa *Chód Iompair d'Fhostaithe* arna bhfoilsíú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, in Ionstraim Reachtúil Uimh. 29 de 2015 agus i gCiorclán LG 2/2015, beidh feidhm acu maidir le comhaltaí údaráis áitiúil agus maidir le hoifigigh údaráis áitiúil, de réir mar is cuí.

An chuid eile den Chód Iompair do Chomhairleoirí (féach míreanna 3.5 agus 10.2 den Chód) agus Cuid 15 den Acht (lena n-áirítear ailt 167(2), 169, 177 agus 179), is amhlaidh go bhfuil feidhm acu maidir le comhaltaí den Choiste Forbartha nach Comhairleoirí iad i ndáil lena ról mar chomhaltaí de choiste údaráis áitiúil. Baineann sé sin go háirithe le leasanna airgid/tairbhiúla a nochtadh ag cruinniú ina bhféadfadh na leasanna sin a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa.

Ba cheart don Phríomhoifigeach cód iompair a chur i bhfeidhm do chomhaltaí gníomhaireachta Stáit agus do chomhaltaí earnála príobháidí – d’fhéadfaí an *Cód Iompair do Chomhairleoirí* arna fhoilsiú faoi alt 167(2) d’Acht 2001 a úsáid ina leith sin.

#### *6.7.1. Dearbhú Bliantúil Leasanna*

Faoi Rialacháin an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (Cuid 15), 2015 (I.R. Uimh. 29 de 2015), ceanglaítear ar chomhaltaí údaráis áitiúil agus ar oifigigh ábhartha údaráis áitiúil Foirm Dearbhaithe Bhliantúil a chomhlánú agus a chur faoi bhráid an Chláraitheora Eitice. Coinneofar an Fhoirm sin ar thaifead poiblí, mar atá leagtha amach i gCiorclán LG 2/2015.

Níl na comhaltaí eile den Choiste Forbartha faoi cheangal leis na rialacháin sin. Mar sin féin, mar gheall ar chineál a ról agus a bhfreagrachtaí, e.g. an ról cinnteoireachta atá acu maidir le cistí poiblí a leithdháileadh, moltar go láidir go síneodh gach comhalta foirm dearbhaithe leasanna de chineál éigin. Ba cheart na foirmeacha dearbhaithe leasanna a thabhairt ar ais don Phríomhoifigeach. Ba cheart don údarás áitiúil iad a choinneáil mar thaifead neamhphoiblí ansin.

#### *6.7.2 Brústocaireacht*

Is é is aidhm don Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi cé na daoine a bhfuil brústocaireacht á déanamh acu, faoi cé na daoine a bhfuil brústocaireacht á déanamh orthu agus faoi cé na nithe a bhfuil brústocaireacht á déanamh ina dtaobh. Cuid bhunriachtanach den phróiseas daonlathach is ea an bhrústocaireacht. Cuireann grúpaí sainleasa agus comhlachtaí ionadaíocha ionchur agus aiseolas riachtanach ar fáil trí thuairimí agus bhuarthaí an phobail a chur in iúl do chomhlachtaí poiblí, amhail Coistí Forbartha. Dá bhrí sin, ba cheart do chomhlachtaí poiblí leanúint ar aghaidh ag éascú agus ag spreagadh na gcumarsáidí sin go gníomhach a mhéid is féidir.

D’fhéadfadh go mbeadh comhaltaí den Choiste Forbartha ina ‘n-oifigigh phoiblí ainmnithe’ faoin Acht de bhua an róil atá acu mar oifigeach sinsearach nó mar chomhalta údaráis áitiúil. Dá réir sin, d’fhéadfaí brústocaireacht a dhéanamh orthu ar shaincheistean le linn a gcuid oibre. Cé nach bhfuil oifigigh phoiblí ainmnithe faoi réir rialacha maidir le brústocaireacht a chlárú agus tuairisc a thabhairt uirthi, ní mór dóibh, de réir an Achta, tuairisc a thabhairt ar a gcuid idirghníomhaíochtaí agus brústocaireacht á déanamh orthu.

Tá tuilleadh treorach maidir le brústocaireacht agus maidir leis na freagrachtaí atá ar oifigigh phoiblí ainmnithe ar fáil ag [lobbying.ie](http://lobbying.ie).

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (bunaithe ar 19 gcomhalta)

<u>Earnáil</u>	<u>Líon</u>	<u>Comhaltaí</u>	<u>Modh Roghnúcháin</u>
Comhaltaí tofa údaráis áitiúil	Triúr ar a laghad	Comhaltaí Tofa	An Chomhairle
Oifigigh údaráis áitiúil	Beirt ar a laghad	An Príomhfheidhmeannach nó a (h)ainmnitheach An Ceann Fiontair Áitiúil	Forordaithe
Údaráis phoiblí (gníomhaireachtaí Stáit san áireamh)	Beirt ar a laghad	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte An Roinn Coimirce Sóisialaí An Garda Síochána Boird Oideachais agus Oiliúna Údarás na Gaeltachta Institiúidí Tríú Leibhéal Teagasc	Ainmniúcháin arna lorg ag an bPríomhoifigeach i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh
Comhlachtaí forbartha áitiúla agus comhlachtaí forbartha pobail	Duine amháin ar a laghad	Cuideachtaí forbartha áitiúla Comhlachtaí eile forbartha áitiúla/pobail	Arna (h)ainmniú trí shocruithe comhaontaithe áitiúla
Leasanna pobail agus deonacha	Cúigear ar a laghad	Leasanna Pobail agus Deonacha Leasanna Cuimsithe Shóisialta Leasanna Comhshaoil	Arna n-ainmniú trí na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail
Leasanna eile sochaí sibhialta nó 'pobail áitiúil'	Gan aon líon íosta forordaithe	Fostóirí/an lucht gnó An lucht talmhaíochta agus feirmeoireachta Ceardchumann Leasanna eile pobail	Arna chinneadh ag an bPríomhoifigeach agus ag an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh

## 7. NITHE A BHAINNEAN LE RÓL AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN LEAS-CHATHAOIRLIGH

Déanfar Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a roghnú as measc na gcomhaltaí den Choiste Forbartha de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán 22. Féadfaidh aon duine, beag beann ar na hearnálacha a ndéanann siad ionadaíocht dóibh, a bhreithniú don ról mar Chathaoirleach nó mar Leas-Chathaoirleach, i.e., níl an post teoranta d'aon earnáil ná leas ar bith.

Mar sin féin, is amhlaidh, le linn ainmniúcháin a dhéanamh, gur cheart breithniú a dhéanamh ar an gcumas atá ag an duine chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach bunaithe ar éilimh an ról agus ar cé acu atá nó nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ag an duine mar gheall ar a s(h)easamh sa limistéar riaracháin.

Ba cheart do Phríomhoifigigh breithniú a dhéanamh ar chomhaltaí agus ba cheart dóibh oiliúint a chur ar fáil dóibh chun na scileanna a theastaíonn uathu don ról mar Chathaoirleach a chomhlíonadh.

### 7.1 TRÉIMHSE TIONACHTA

Fónfaidh an Cathaoirleach ar feadh tréimhse uasta trí bliana. Éireoidh sé/sí as an ról mar Chathaoirleach tar éis na tréimhse sin. Ní fhéadfaidh aon duine dhá théarma as a chéile a chur isteach mar Chathaoirleach agus ní fhéadfar aon duine a athcheapadh chuig an ról mar Chathaoirleach go ceann tréimhse trí bliana ó dheireadh a t(h)réimhse tionachta is déanaí mar Chathaoirleach. Níl aon teorainn ann ar an líon tréimhsí as a chéile a fhéadfar a chur isteach mar Leas-Chathaoirleach.

Roghnófar an Cathaoirleach ag an gcéad chruinniú den Choiste Forbartha. Gníomhóidh an Príomhoifigeach mar Chathaoirleach go dtí go roghnófar Cathaoirleach.

### 7.2 RÓL AN CHATHAOIRLIGH

Rachaidh an Cathaoirleach i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach ar nithe a bhaineann le riar agus oibriú an Choiste Forbartha agus beidh ról comhordaithe foriomlán aige/aici maidir le feidhmiú éifeachtach an Choiste Forbartha. Beidh freagracht fhoriomlán air/uirthi as a fheidhmiú éifeachtach freisin.

Is iad seo a leanas na freagrachtaí a bheidh ar an gCathaoirleach—

- na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chur chun cinn laistigh den Choiste agus maoirseacht a dhéanamh ar na caighdeáin sin,
- clár oibre a leagan síos don choiste, ar clár oibre é—
  - lena ndírítear ar nithe straitéiseacha,
  - atá réamhbhreathnaitheach,
  - agus lena ndéantar meastóireacht agus maoirseacht ar an ngnó reatha.
- sceidil, dátaí, amanna agus láithreacha cruinnithe a chinneadh i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach,
- an clár oibre do chruinnithe a chomhaontú i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach,
- cruinnithe an Choiste Forbartha a bhainistiú go héifeachtach éifeachtúil, á chinntiú go dtionóltar cruinnithe agus go gcomhlíontar feidhmeanna an Choiste Forbartha de réir a threoirphrionsabal,
- a chinntiú go scaiptear an clár oibre agus gach doiciméad ar bhealach tráthúil,
- rannpháirtíocht ghníomhach iomlán a spreagadh ó gach comhalta den Choiste Forbartha,
- ceannaireacht a chur ar fáil agus a chinntiú go mbíonn comhaltaí den Choiste Forbartha ar an eolas faoina n-oibleagáidí mar chomhaltaí agus go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí sin,
- tuairisc a thabhairt don Chomhairle ar ghníomhaíochtaí an Choiste Forbartha, de réir mar is gá,
- an breithniú agus an díospóireacht ar nithe beartais a stiúradh,
- a chinntiú go gcuirtear comhairle agus faisnéis chuí ar fáil chun cinnteoireacht ag an gCoiste Forbartha a éascú (féach Rannán 4.3),
- stiúradh a dhéanamh ar an bpleanáil ar conas agus cén uair a chomhlíonfar feidhmeanna an Choiste Forbartha,
- stiúradh a dhéanamh ar an obair chun riachtanais forbartha comhaltaí aonair a shainnithint agus freastal ar na riachtanais sin agus chun aghaidh a thabhairt ar

riachtanais forbartha an Choiste Forbartha i gcoitinne d'fhonn cur lena éifeachtacht fhoriomlán mar fhoireann,

- a chinntiú go dtarmlichtear freagrachtaí chuig comhaltaí, chuig fochoistí agus chuig tascghrúpaí de réir mar is cuí, agus
- díospóireacht oscailte agus rannpháirtíocht iomlán ó chomhaltaí a éascú ar gach ní a thiocfaidh os comhair an Choiste Forbartha.

### 7.3 AN CATHAOIRLEACH A CHUR AS OIFIG

Féadfaidh an Coiste Forbartha ceapachán Chathaoirleach an Choiste Forbartha a fhoirceannadh de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i Rialachán 25. Foráiltear leis an rialachán sin don cheapachán a fhoirceannadh de bharr dícháiliú nó le rún ón gCoiste.



## 8. TACAÍOCHT RIARACHÁIN AGUS EILE DO CHOISTÍ FORBARTHA

### 8.1 AN PRÍOMHOIFIGEACH

Sannfaidh an Príomhfheidhmeannach Príomhoifigeach chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt don Choiste Forbartha agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil acmhainní dóthanacha i bhfeidhm chun tacú leis an gCoiste Forbartha. Cuirfear acmhainní ar fáil don tacaíocht sin ó acmhainní reatha soláthar foirne an údaráis áitiúil, seachas nuair a chomhaontaítear a mhalairt leis an Rannóg Acmhainní Daonna Rialtais Áitiúil sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní bheidh an Príomhoifigeach ina c(h)omhalta den Choiste Forbartha. Mar sin féin, freastalóidh sé/sí ar gach cruinniú i gcáil chomhairleach agus tacaíochta agus glacfaidh sé/sí páirt iontu (lena n-áirítear, más cuí, freastal ar chruinnithe fochoiste agus páirt a ghlacadh iontu, etc. (*Rialachán 5*)).

### 8.2 RÓL AN PHRÍOMHOIFIGIGH

Rachaidh an Príomhoifigeach i gcomhairle leis an gCathaoirleach maidir le nithe a bhaineann le bainistiú agus oibriú an Choiste Forbartha. Cosúil leis an gCathaoirleach, beidh ról comhordúcháin ag an bPríomhoifigeach agus beidh freagracht air/uirthi as feidhmiú éifeachtach an Choiste Forbartha a chinntiú. Cuid dhílis d'oibriú éifeachtach an Choiste Forbartha is ea an tacaíocht feidhmiúcháin a chuireann an Príomhoifigeach agus pearsana eile de chuid an údaráis áitiúil ar fáil.

Ní mór don Phríomhoifigeach an chothromaíocht a aimsiú idir dualgais straitéiseacha agus dualgais oibríochtúla an phoist agus, dá réir sin, is leithne agus is airde an fhreagracht atá air/uirthi ná tacaíocht riaracháin a thabhairt don choiste. Is é ról an Phríomhoifigigh—

- a bheith ar an nasc agus ar an bpointe teagmhála idir an Coiste Forbartha agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, rud lena gcuirfear le chéile an comhthéacs straitéiseach agus beartais don Choiste Forbartha,
- comhpháirtíocht agus oibriú idirghníomhaireachta a éascú agus a chur chun cinn tríd an gCoiste Forbartha i.e. idir an Coiste Forbartha agus gníomhaireachtaí Stáit, pobail, comhlachtaí forbartha áitiúla agus pobail, comhlachtaí ionadaíocha, líonraí rannpháirtíochta pobail, grúpaí tathanta agus comhlachtaí eile,

- comhaltas an Choiste Forbartha a bhainistiú chun a chinntiú go ndéantar cothromaíocht chúí agus meascán cúí a bhaint amach agus a choinneáil ar bun ó thaobh comhaltaí de,
- a bheith ar an nasc agus ar an bpointe teagmhála le haghaidh sreabhadh faisnéise idir an Coiste Forbartha agus an t-údarás áitiúil, go háirithe leis an Oifig Fiontair Áitiúil agus leis an gCoiste Beartais Straitéisigh Eacnamaíoch,
- saineolas agus taithí an údaráis áitiúil a chur le hobair an Choiste Forbartha,
- cabhrú leis an gCoiste Forbartha bacainní a shárú, bíodh siad bainteach le soláthar clár, le soláthar gníomhartha sa Phlean, le comhaontuithe i bprótacail, le comhaontuithe seirbhíse nó le meabhráin tuisceana, etc.,
- sainaitheint a dhéanamh ar dheiseanna chun clár oibre an Choiste Forbartha a leathnú e.g. sruthanna nua cistiúcháin a shaothrú, agus
- riachtanais forbartha acmhainne an Choiste Forbartha a shainaitheint agus iad a thuairisciú don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus idirghabhálacha forbartha acmhainne a chur ar fáil de réir mar is gá, i.e. leas a bhaint as an saineolas agus an taithí atá ag eagraíochtaí náisiúnta nó áitiúla a mbeadh a gcuid oibre ábhartha don Choiste Forbartha.

### 8.3 COMHALTAÍ A IONADÚ

Ní mór comhaltas an Choiste Forbartha a bhainistiú go réamhghníomhach i gcónaí chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla agus chun a chinntiú freisin go ndéantar ionadaíocht don raon is leithne leasanna agus is féidir agus chun oibriú éifeachtach an Choiste Forbartha a áirithiú. Is ar an bPríomhoifigeach atá an phríomhfhreagracht as feidhmeanna an Choiste Forbartha a bhainistiú. Mar sin féin, ba cheart dó/di dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach (agus leis na comhlachtaí ainmniúcháin ábhartha, mar is cúí leis/léi) agus comhairle a chur air/uirthi/orthu ina leith sin.

Dá réir sin, d'fhéadfadh go dtiocfadh cúinsí chun cinn inar cúí leis an bPríomhoifigeach comhaltaí ionaid a iarraidh ó chomhlachtaí ainmniúcháin, e.g. i gcás nach bhfuil baint ag comhalta leis an gcomhlacht ainmniúcháin a thuilleadh, nach cúí a thuilleadh atá ionadaíocht ag comhlacht an chomhalta maidir le clár oibre an Choiste Forbartha nó nach bhfuil an comhaltas sin ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil.

Sna cúinsí sin, ba cheart don Phríomhoifigeach an méid sin a chur in iúl don ainmnitheach agus don chomhlacht ainmniúcháin agus, nuair is cuí, ainmnithigh mhalartacha a iarraidh ar aon dul leis na ceanglais reachtúla. Ba cheart deis a thabhairt don chomhlacht ainmniúcháin argóint a dhéanamh i bhfabhar rannpháirtíocht leantach an ainmnithigh (más mian leis déanamh amhlaidh). Ba cheart don Phríomhoifigeach aird chuí a thabhairt ar aon argóint arna déanamh ag an gcomhlacht ainmniúcháin. Mar sin féin, is é an Príomhoifigeach a dhéanann an cinneadh deiridh.

Más rud é gurb amhlaidh, tar éis an méid sin a dhéanamh, go measann an Cathaoirleach agus an Príomhoifigeach fós gur sárú ar na Treoirlínte é comhaltas an duine sin, ba cheart deis a thabhairt don duine éirí as. Mura n-éiríonn an duine sin as go deonach, ba cheart don Chathaoirleach fógra foirmiúil a eisiúint á rá nach bhfuil an duine sin ina c(h)omhalta den Choiste Forbartha a thuilleadh agus an folúntas a líonadh dá réir.

## 8.4 COISTÍ FORBARTHA A BHUNÚ AGUS COMHALTAÍ A ROGHNÚ

Cé gur bunaíodh Coistí Forbartha i ngach limistéar faoin am seo, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach i gcúinsí áirithe Coistí Forbartha breise a bhunú. Sna cúinsí sin, éascóidh an Príomhoifigeach bunú an Choiste Forbartha i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorpáraidigh, agus aird ar leith á tabhairt ar na socruithe barrmhaithe i dtaca leis na nithe seo—

- méid an Choiste Forbartha,
- na leasanna a ndéanfar ionadaíocht dóibh, agus
- an líon comhaltaí le haghaidh gach leasa eárnála (lena n-áirítear an líon comhaltaí údaráis áitiúil).

Éascóidh an Príomhoifigeach an próiseas ainmniúcháin agus cuirfidh sé an liosta ainmnitheach faoi bhráid an údaráis áitiúil lena cheadú (alt 128C(3)).

## 8.5 GNÓ AN CHOISTE FORBARTHA A RIAR

De réir alt 128D(1) den Acht, beidh freagracht ar an bPríomhoifigeach freisin as “*riarachán agus gnó* [an Choiste Forbartha] *a chomhlíonadh, a bhainistiú agus a rialú go ginearálta*”. Chuige sin, déanfaidh an Príomhoifigeach—

- socruithe a dhéanamh le haghaidh athbhreithniú agus uainíocht a dhéanamh ar chomhaltas an Choiste Forbartha, de réir mar is cuí, de réir *Rialacháin 29 agus 30*. Éilítear sa ról seo go ndéantar comhaltas an Choiste Forbartha a bhainistiú go gníomhach agus a chinntiú go n-íoslaghdaítear saincheisteanna coinbhleachta leasa, rud a chinntíonn gur féidir le comhaltaí an Choiste Forbartha a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach,
- tacaíocht riaracháin a eagrú do chruinnithe an Choiste Forbartha agus do chruinnithe aon fhochoiste nó aon fhoghrúpa de, agus taifid ar na cruinnithe sin a choinneáil,
- socruithe a dhéanamh le haghaidh obair ullmhúcháin a dhéanamh do chruinnithe an Choiste Forbartha, lena n-áirítear cláir oibre a dhréachtú agus a scaipeadh, miontuairiscí cruinnithe a dhréachtú agus a scaipeadh agus doiciméid eile a ullmhú agus a ghiniúint agus iad a scaipeadh ar an gCoiste Forbartha de réir mar is gá ó am go chéile,
- tacú leis an gCoiste Forbartha na gnéithe pobail den Phlean a fhorbairt, lena n-áirítear ábhar a dhréachtú, próisis chomhairliúcháin a éascú agus a bhainistiú, agus obair an Choiste Forbartha ar an bPlean a chomhordú agus a bhainistiú go ginearálta,
- socruithe a dhéanamh le haghaidh buanorduithe a ullmhú agus a riar,
- tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Chathaoirleach, de réir mar is gá, lena n-áirítear comhairle a iarraidh ón bPríomhfheidhmeannach agus a chinntiú gur ar bhealach tráthúil a scaiptear aon chomhairle ar chomhaltaí an Choiste Forbartha,
- tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Chathaoirleach maidir le riachtanais forbartha chomhaltaí aonair agus riachtanais forbartha an Choiste ina iomláine a shainathint agus a chomhlíonadh d'fhonn éifeachtacht fhoriomlán an Choiste mar fhoireann a fheabhsú,
- socruithe a dhéanamh le haghaidh tacaíocht a thabhairt don Choiste Forbartha ina chuid oibre i dtaca leis an Tuarascáil Bhliantúil agus le haon tuarascálacha eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó am go chéile,
- cabhrú leis an gCoiste Forbartha faireachán a dhéanamh ar a chuid acmhainní agus iad a bhainistiú agus a riar,
- a chinntiú go gcomhlíonann an Coiste Forbartha iarrataí ar fhaisnéis de réir mar is cuí,
- socruithe a dhéanamh le haghaidh tacaíocht riaracháin ghinearálta a thabhairt don Choiste Forbartha de réir mar is gá, agus

- na socruithe riachtanacha a bhreithniú agus a dhéanamh le haghaidh oiliúint/forbairt acmhainne do chomhaltaí an Choiste Forbartha

## 8.6 BUANORDUITHE

Ar a laghad, ba cheart foráil a dhéanamh do na nithe seo a leanas le buanorduithe—

- gnáthchruinnithe a sceidealú agus a reáchtáil,
- déileáil le gnó práinneach a bhaineann le feidhmeanna an Choiste Forbartha agus le reáchtáil cruinnithe speisialta,
- téarmaí íosta fógra le haghaidh cruinnithe, ar téarmaí iad nach giorra ná iad sin a leagtar amach i *Rialachán 38*,
- faoi réir *Rialachán 19*, nósanna imeachta le haghaidh ceisteanna a chinneadh, lena n-áirítear nósanna imeachta agus modhanna le haghaidh vótáil ar chinntí,
- faoi réir *Rialachán 19*, nósanna imeachta agus modhanna le haghaidh déileáil le coinbhleachtaí leasa i gceisteanna a chinneadh agus i vótáil ar chinntí, agus comhlíonadh fheidhmeanna an Choiste Forbartha go ginearálta (*Rialachán 20*),
- socruithe le haghaidh freastal comhaltaí ar chruinnithe a thaifeadadh, de réir *Rialachán 48*, agus
- de réir *Rialachán 57*, nósanna imeachta le haghaidh déileáil le hiompar mí-ordúil i gcruinnithe.

Féadfar foráil a dhéanamh do na nithe seo freisin le Buanorduithe—

- cruinnithe a thosú, a chur ar aghaidh agus a fhoirceannadh,
- cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe i gcás go bhfuil Cathaoirleach le roghnú fós,
- an clár oibre a ordú,
- nósanna imeachta le haghaidh buanorduithe a chur ar fionraí,
- an ceart chun labhairt, agus comhionannas agus tuairimí á gcur in iúl,
- an ceanglas maidir le freastal ar chruinnithe agus páirt a ghlacadh iontu,
- nósanna imeachta le haghaidh déileáil le hábhar rúnda íogair, agus

- gnó agus moltaí roimhe de chuid an Choiste Forbartha a athbhreithniú.

Féadfar buanordú a leasú nó a chúlghairm le vóta tromlaigh de chuid an Choiste Forbartha.

## 8.7 TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA

Ceanglaítear ar Choistí Forbartha faoi alt 128B den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tuarascáil bhliantúil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain i dtaca le comhlíonadh a fheidhmeanna sa bhliain féilire roimhe.

Ba cheart an tuarascáil bhliantúil a chomhordú le hullmhú thuarascáil bhliantúil an údaráis áitiúil agus ba cheart breac-chuntas a thabhairt inti ar ghníomhaíochtaí an Choiste Forbartha sa tréimhse ábhartha. Ar a laghad, ba cheart gach ceann de na feidhmeanna a shainaithnítear san Acht a bheith ar áireamh inti. D'fhéadfadh, áfach, réimsí eile gníomhaíochta a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna a bheith ar áireamh inti freisin, lena n-áirítear—

- forbairt, athbhreithniú nó cur chun feidhme na ngnéithe pobail den Phlean (féach leathanach 10), agus
- cur le cuspóirí eacnamaíocha an Phlean ó thaobh fhorbairt na gcuspóirí agus chur chun feidhme na gcuspóirí de.

## 8.8 CRUINNITHE

### 8.8.1 Ginearálta

Is é an Cathaoirleach, i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach, a chinnefidh minicíocht, láthair agus uainiú na gcruinnithe. A oiread agus is féidir, ba cheart cruinnithe a chur ar siúl de réir sceideal rialta a leagtar amach sna buanorduithe.

Reáchtálfaidh an Coiste Forbartha a oiread cruinnithe agus is féidir le haghaidh comhlíonadh a fheidhmeanna. I gcás ar bith, áfach, ba cheart dó teacht le chéile sé huaire ar a laghad in aon bhliain féilire. Ba cheart cruinnithe a eagrú chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bharrfheabhsú agus ba cheart iad a reáchtáil ag amanna a oireann do gach comhalta. Ceanglaítear ar chomhaltaí páirt a ghlacadh i ngach gné de ghnó an Choiste Forbartha, agus ní amháin na gnéithe sin atá ábhartha dá leasanna féin.

Buailfidh an Príomhoifigeach leis an gCathaoirleach roimh gach cruinniú chun clár oibre, cuspóirí agus torthaí ionchais an chruinnithe a chomhaontú. Maidir le bainistíocht ghinearálta na gcruinnithe, cinnteoidh an Príomhoifigeach—

- go n-eisítear fógra faoi chruinnithe ar bhealach tráthúil, go sonraítear áit, dáta agus am an chruinnithe ann, agus go dtugtar fógra cúig lá ar a laghad faoin gcruinniú ann,
- go scaiptear an clár oibre ar chomhaltaí tráth nach lú ná trí lá oibre roimh aon chruinniú,
- go bhfuil córam ann ag gach cruinniú, arb é atá i gceist leis ná 50% den chomhaltas, agus é slánaithe chuig an tslánuimhir is gaire, móide duine amháin (*Rialachán 18*),
- nach gceadaítear comhaltaí malartacha do chomhaltaí an Choiste Forbartha ar mhaithe le leanúnachas a chinntiú sa chomhaltas agus sa chinnteoireacht agus ba cheart an méid sin a leagan amach i mBuanorduithe an Choiste Forbartha,
- go ndéantar cruinnithe a chur ar atráth agus a athsceidealú i gcás nach féidir córam a chur le chéile, agus
- go dtaifeadtar freastal ar chruinnithe.

Is iad comhaltaí an Choiste Forbartha amháin a fhéadfaidh páirt iomlán a ghlacadh i gcruinnithe (i.e. freastal orthu, cur leo agus cinntí a dhéanamh iontu). I gcás go dtagann nithe beartais a bhfuil leas ar leith ag grúpaí sainleasa áitiúla nó comhaltaí eile údaráis áitiúil iontu chun cinn (e.g. tograí a théann i bhfeidhm ar cheantar áitiúil), féadfaidh an Choiste Forbartha bualadh leis na comhaltaí údaráis áitiúil sin nó leis na grúpaí sainleasa sin, de réir mar is cuí.

Gan comhaltaí an Choiste Forbartha agus an Príomhoifigeach a áireamh, níor cheart ach do na daoine sin a dtugtar cuireadh dóibh freastal orthu agus páirt a ghlacadh iontu bheith i láthair ag cruinnithe an Choiste Forbartha e.g. comhpháirtithe atá ag freastal orthu chun críocha míreanna ar chlár oibre Chlár LEADER nó Chomhpháirtíocht PEACE (féach freisin mír 9.2.3 - *Rannpháirtíocht ag struchtúir agus coistí áitiúla ábhartha in obair na gCoistí Forbartha*).

De ghnáth, ní bhíonn cruinnithe an Choiste Forbartha ar oscailt do na meáin ná do bhaill den phobal (alt 49A(8) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001).

#### 8.8.2 Miontuairiscí

Ba cheart socruithe a chur i bhfeidhm maidir le miontuairiscí imeachtaí an Choiste Forbartha. Ba cheart sonraí faoi na nithe seo ar a laghad a bheith ar áireamh sna miontuairiscí—

- na comhaltaí a bhí i láthair ag cruinniú,
- taifead ar roghnú Cathaoirligh nó Leas-Chathaoirligh, de réir mar a bheidh, ag cruinniú,
- taifead ar éirí as aon chomhaltaí a cuireadh in iúl don Choiste Forbartha,

- sonraí faoi aon chomhaltaí nua a bhí ag freastal ar chruinniú de chuid an Choiste Forbartha den chéad uair riamh, lena n-áirítear an eanáil a ndéanann siad ionadaíocht di,
- nithe a cuireadh in iúl don Choiste Forbartha, bíodh siad curtha in iúl ag an bPríomhoifigeach nó ag duine eile,
- aon chinntí a rinneadh agus aon vótaí a cuireadh os comhair an Choiste Forbartha, agus na torthaí orthu sin,
- coinbhleachtaí leasa a dearbhaíodh i dtús an chruinnithe,
- sonraí faoi dhaoine nach comhaltaí den Choiste Forbartha iad (seachas an Príomhoifigeach) agus a d'fhreastail ar an gcruinniú agus/nó a ghlac páirt ann,
- aon fhochoistí ar chuir an Coiste Forbartha iad ar bun agus a gculpóir sainithe, agus
- lánscoir aon fhochoistí nó aon tascghrúpaí ar bhunaigh an Coiste Forbartha iad.

Ba cheart na miontuairiscí a chomhaontú ag an gcéad chruinniú eile agus ba cheart iad a shíniú agus a choinneáil go leictreonach.

### 8.8.3 *Taifid a choinneáil*

Tá freagracht ar an údarás áitiúil as gach taifead a bhaineann le bainistíocht agus oibriú an Choiste Forbartha a choinneáil.

### 8.8.4 *Speansais*

Go ginearálta, is iad a gcomhlachtaí ainmniúcháin a aisíocfaidh na speansais arna dtabhú ag comhaltaí an Choiste Forbartha. Maidir leis na comhaltaí sin nach féidir a speansais a aisíoc ar an mbealach sin, áfach, is féidir go mbeidh siad i dteideal aisíocaíocht a fháil as speansais taistil arna dtabhú i bhfreastal ar chruinnithe agus imeachtaí oiliúna de chuid an Choiste Forbartha. Ní aisíocfaidh an t-údarás áitiúil na speansais sin mura socraíonn an Príomhoifigeach é sin i gcomhairle leis an údarás áitiúil. Moltar nach n-aisíocfadh an t-údarás áitiúil speansais ach le haghaidh na gcomhaltaí sin a dhéanann ionadaíocht do leasanna pobail agus deonacha agus do leasanna cuimsithe shóisialta.

Maidir le speansais arna dtabhú i leith gníomhaíochtaí bainistíochta cláir, ba cheart iad a ghearradh ar na cláir sin, de réir mar is cuí.

### 8.8.5 *Liúntais*

Ní íocfar liúntais le comhalta ar bith, lena n-áirítear an Cathaoirleach, as a rannpháirtíocht i gCoiste Forbartha ná as obair a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin. Maidir le hionadaithe is



comhaltaí údaráis áitiúil, is as a liúntas speansais reatha a íocfar speansais a thagann chun cinn i gcomhthéacs a gcomhaltais.

#### *8.8.6 Fáil ar fhaisnéis*

Ba cheart faisnéis a fhoilsiú go rialta maidir le gníomhaíochtaí an Choiste Forbartha. Áirítear leis an bhfaisnéis sin miontuairiscí agus tuarascálacha a ngineann na Coistí Forbartha iad. I gcás gur de chineál rúnda atá doiciméid nó i gcás go gcuirtear cosc sonrath ar fhaisnéis a fhoilsiú, ba cheart an méid sin a chur in iúl. I gcás nár cuireadh in iúl gur rúnda atá doiciméid nó faisnéis agus nach ceadmhach iad/í a atáirgeadh ná a fhoilsiú, measfar na doiciméid/an fhaisnéis sin a bheith ar fáil don phobal go ginearálta agus do na hearnálacha go háirithe.

## 9. RANPHÁIRTÍOCHT IN OBAIR NA gCOISTÍ FORBARTHA

### 9.1 SOCRUITHE FOCHOISTE NÓ TASCGRÚPA

Is féidir go measfaidh Coistí Forbartha gur cuí fochoistí a bhunú (lena n-áirítear tascgrúpaí nó fostruchtúir eile) chun cabhrú leo a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh agus chun an rannpháirtíocht is leithne is féidir le leasanna áitiúla a éascú. Is faoi gach Coiste Forbartha go príomha atá sé cinneadh áitiúil a dhéanamh ar úsáid na gcineálacha cur chuige sin. Mar sin féin, ba cheart don Choiste Forbartha aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas sula gcuireann sé socrúithe den sórt sin i bhfeidhm—

- ba cheart don Choiste Forbartha bheith in ann déileáil leis an gcuid is mó de shaincheisteanna agus níor cheart fostruchtúir a úsáid ach nuair is gá chun riarachán iomarcach agus tuirse cruinnithe a sheachaint,
- ba cheart sainchúraimí soiléire agus tascanna soiléire a thabhairt do na fostruchtúir chun dúbláil oibre a sheachaint – moltar grúpaí ad hoc atá sainiúil don tasc a bhunú agus iad a foirceannadh tar éis an tasc a chur i gcrích,
- is é ról na bhfochoistí comhairle agus cabhair a thabhairt don Choiste Forbartha agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna, lena n-áirítear moltaí a dhéanamh faoi ghníomhartha nó cinní atá le déanamh ag an gCoiste Forbartha. Ní dhéantar aon fhoráil sna Rialacháin ná sna Treoirínte do chinntí a dhéanamh lasmuigh den Choiste Forbartha. Déanann fochoistí moltaí don Choiste Forbartha agus tugann siad cabhair agus comhairle maidir leis an gcinneadh deiridh a dhéanfaidh an Coiste Forbartha. Is é an Coiste Forbartha a dhéanfaidh an cinneadh deiridh i ngach cás.

I gcás ar bith, ba cheart do na fostruchtúir dul as feidhm ar dháta a sonraíonn an Coiste Forbartha é, mura gceadaíonn an Coiste Forbartha go follasach go leanfaí leo, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá atá ann le leanúint leo.

Féach freisin Rialachán 53 (I.R. Uimh. 234 de 2014) a bhaineann le comhaltas agus bunú fochoistí.

## 9.2 TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE STRUCHTÚIR EARNÁLA POIBLÍ, LE GNÍOMHAIREACHTAÍ ÁITIÚLA AGUS LE COMHLACHTAÍ SOLÁTHAIR EILE

### 9.2.1 *Gníomhaíochtaí a chomhordú*

Ar mhaithe le cur chuige comhoibríoch agus freagairt chomhtháite do thosaíochtaí áitiúla a chinntiú, beidh sé tábhachtach gníomhaithe áitiúla a thabhairt le chéile i gcomhpháirtíocht. Beidh na Coistí Forbartha ar na struchtúir phríomha ar leibhéal áitiúil a bhainfidh an méid sin amach. Díreoidh siad go príomha ar shásraí a fhorbairt lena soláthrófaí cur chuige comhtháite i leith soláthar seirbhísí agus ar thacaíocht a thabhairt do na meicníochtaí sin.

Aithnítear, dá bhrí sin, gur cuid thábhachtach d'obair na gCoistí Forbartha é ról pleanála agus cur chun feidhme na struchtúr reachtúil áitiúil/na gcoistí reachtúla áitiúla sin a ghlacann páirt i ngníomhaíocht forbartha áitiúla nó forbartha pobail. Ós rud é go sainítear comhaltas Coistí Forbartha go docht, áfach, ní bheifear in ann suíochán ionadaíoch a chur ar fáil do gach ceann de na struchtúir/na coistí sin. Chun pleanáil chomhordaithe a gcuid oibre a bharrfheabhsú, beidh sé tábhachtach, dá bhrí sin, nascachtaí cuí eile agus teagmháil chuí eile a chur i bhfeidhm idir na struchtúir/na coistí sin agus na Coistí Forbartha.

### 9.2.2 *An Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail*

Is trí fhorbairt agus cur chun feidhme na ngnéithe pobail den Phlean a dhéanfar an phríomhtheagmháil le Coistí Forbartha. Sainaitheofar sa Phlean riachtanais agus tosaíochtaí na bpobal áitiúil agus forbrófar leis réitigh inbhuanaithe lena mbainfear an leas is fearr as sócmhainní, acmhainní, láidreachtaí agus deiseanna sa cheantar áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na tosaíochtaí sin.

Dá réir sin, tá sé tábhachtach go bhfaightear ionchur sa Phlean ó raon leathan struchtúr reachtúil áitiúil/coistí reachtúla áitiúla a ghlacann páirt i ngníomhaíocht forbartha áitiúla agus forbartha pobail. Ba cheart a áireamh san ionchur sin na tosaíochtaí arna sainaitheint ag an struchtúr/ag an gcoiste i dtaca lena réimse leasa/freagrachta féin. Tá sé tábhachtach go n-oibríonn an Coiste Forbartha i ndlúthchomhar leis na struchtúir/na coistí lena mbaineann agus go mbaineann sé leas as taighde, anailís agus pleanáil iontaoifa arna ndéanamh acu agus a gcuid tosaíochtaí á sainaitheint acu. Níl sé beartaithe go ndéanfaidh an Coiste Forbartha an taighde, an anailís agus an phleanáil chéanna freisin.

Ba cheart leanúint le teagmháil leis na struchtúir/na coistí sin ar fud na céime cur chun feidhme den Phlean. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis an teagmháil, mar shampla, timthriall rialta cruinnithe idir an Coiste Forbartha agus na struchtúir reachtúla/na coistí reachtúla, áit a rachaidís i mbun plé agus a dtabharfaidís tuairisc ar phríomhghníomhartha agus ar

chomhsheasmhacht a gcuid gníomhaíochtaí leis an bPlean. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Coistí Forbartha tús áite a thabhairt do na struchtúir/na coistí sin i gcás go bhfuil siad ag bunú fochoistí chun obair ar réimsí téamacha ar leith nó ar thosaíochtaí ar leith. Moltar do Choistí Forbartha prótacail fhoirmiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na struchtúir reachtúla ábhartha/na coistí reachtúla ábhartha. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo na gníomhaíochtaí thuasluaite, ach gan a bheith teoranta dóibh.

### *9.2.3 Rannpháirtíocht ag struchtúir agus coistí áitiúla ábhartha in obair na gCoistí Forbartha*

Ar an gcéad dul síos, ba cheart do Choistí Forbartha na struchtúir reachtúla áitiúla/na coistí reachtúla áitiúla sin a shainaithint i gcás go bhfuil cur chuige comhoibríoch, comhpháirtíochta, comhordaithe nó comhroinnte ag teastáil agus ba cheart dóibh obair leo mar a leagtar amach thuas agus i dtreoirínte an Phlean.

Áirítear na comhlachtaí seo a leanas leis an raon struchtúr reachtúil agus coistí reachtúla, etc., gan a bheith teoranta dóibh—

- Boird Oideachais agus Oiliúna,
- Coistí na Seirbhísí do Leanaí agus Dhaoine Óga,
- Grúpaí Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe,
- Ionaid Acmhainní do Theaghlaigh,
- Ionaid d'Oibrithe Deonacha,
- Comhchoistí Póilíneachta,
- Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt,
- Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh,
- Seirbhísí Buiséadta agus Comhairle Airgid,
- Tascfhórsaí Drugaí agus Alcóil,
- Comhairle na nÓg, agus
- Seirbhísí Áitiúla Fostaíochta.

Ba cheart do Choistí Forbartha breithniú a dhéanamh ar chuireadh a thabhairt d'oifigigh ó na comhlachtaí sin, agus ó chomhlachtaí eile atá i mbun oibre i limistéar an údaráis áitiúil, freastal ar chruinnithe an Choiste Forbartha agus páirt a ghlacadh iontu i gcás ina n-éascaíonn sé sin

ionchur i nithe a bhaineann go díreach le hobair an Choiste Forbartha mar aon le saineolas ar na nithe sin. Bheadh sé sin de bhreis ar ionadaíocht eanála.

#### *9.2.4 Tacaíocht don Ghrúpa Idir-rannach um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail*

Bunaíodh an Grúpa Idir-rannach um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (Aguisín 1) chun tacú le rannpháirtíocht agus comhar ag comhlachtaí áitiúla agus ag struchtúir reachtúla áitiúla in obair na gCoistí Forbartha. Is cuid ríthábhachtach d'fhorbairt agus cur chun feidhme na ngnéithe pobail den Phlean atá ina chinntiú go nglacann comhpháirtithe an Choiste Forbartha agus struchtúir, coistí agus forbartha reachtúla áitiúla ábhartha eile a nglacann páirt i bhforbairt áitiúil agus pobail leis agus go dtaispeánann siad tiomantas dó.

Chuige sin, forbraíodh teimpléad le haghaidh prótacal comhpháirteach idir na Coistí Forbartha agus na comhlachtaí sin i gcomhar leis an nGrúpa Idir-rannach agus is féidir an teimpléad sin a úsáid mar threoir chun socruithe rannpháirtíochta a bhunú chun críche cabhrú le forbairt agus cur chun feidhme na gné pobail den Phlean.

#### *9.2.5 Comhar agus oibriú idirghníomhaireachta*

Tá comhar agus oibriú idirghníomhaireachta riachtanach chun torthaí rathúla a bhaint amach do phobail, bíodh an comhar sin á dhéanamh idir comhaltaí an Choiste Forbartha iad féin agus/nó leis na gníomhaireachtaí/struchtúir dá dtagraítear i rannán 9.2.3.

Is féidir comhar nó oibriú idirghníomhaireachta a shainmhíniú mar chomhghníomh ag dhá ghníomhaireacht nó níos mó a bhfuil mar aidhm leis luach poiblí a mhéadú trí obair le chéile agus ní ar leithligh. Is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis: malartú faisnéise, forbairt tionscadail, athrú gníomhaíochtaí, comhroinnt acmhainní agus feabhas a chur ar acmhainn gníomhaireachtaí eile le leas frithpháirteach.

Is féidir le comhar idirghníomhaireachta bheith foirmiúil nó neamhfoirmiúil agus is féidir é a chur ar siúl ar fud eanála difriúla agus ar leibhéal beartais, oibriúcháin nó soláthar seirbhísí túslíne. Is gníomhaíocht é lena gclúdaítear raon an-leathan gníomhartha agus is féidir é a chur i bhfeidhm i lear réimsí agus suíomhanna.

Aithnítear nach féidir talamh slán a dhéanamh d'oibriú idirghníomhaireachta agus is scil ar leith nach mór a fhorbairt é. Ní mór éiteas um oibriú comhoibríoch a chothú ionas go bhfuil sé fite fuaite i gcultúr na heagraíochta agus nach meastar gur 'rogha bhreise' é. Beidh tiomantas marthanach an Rialtais láir ag teastáil uaidh freisin.

## 9.3 RANPHÁIRTÍOCHT NA SAORÁNACH AGUS AN PHOBAIL IN OBAIR NA gCOISTÍ FORBARTHA

Ag féachaint don ról tábhachtach straitéiseach agus oibríochtúil atá ag Coistí Forbartha i leith cláir forbartha áitiúla agus pobail agus forbairt beartais, ba cheart socruithe foirmiúla a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht leanúnach na saoránach agus an phobail in obair an Choiste Forbartha agus ullmhú na ngnéithe pobail den Phlean a éascú. Is tábhachtaí fós é sin i gcás go gclúdaíonn an Coiste Forbartha raon leathan seirbhísí nach dtugann ach beagán deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht dhíreach earnála in obair an Choiste Forbartha nó i gcás nach féidir freastal ar raon leasanna ábhartha. Tríd is tríd, beidh sé faoin gCoiste Forbartha, agus aird á tabhairt aige ar na leasanna éagsúla a ndéantar ionadaíocht dóibh cheana féin, cinneadh a dhéanamh ar na socruithe rannpháirtíochta cuí. Mar sin féin, ba cheart na nithe seo a dhéanamh leis na socruithe sin—

- rannpháirtíocht na ndaoine sin a bhféadfadh go rachadh a chinntí i bhfeidhm orthu a shaothrú agus a éascú,
- aird chuí a thabhairt ar an am a theastaíonn ó bhaill den phobal chun a n-ionchur i gcinntí a bhreithniú agus ar an ngá atá ag an gCoiste Forbartha le cinnteoireacht thráthúil,
- a chinntiú go gcuirtear modhanna éagsúla rannpháirtíochta ar fáil agus go n-úsáidtear an mhodheolaíocht chuí le haghaidh cásanna difriúla,
- modhanna rannpháirtíochta a úsáid atá áisiúil don úsáideoir agus a mheastar a bheith cothrom, cóir agus measúil,
- ionaid a bhfuil fáil ag gach duine orthu a úsáid le haghaidh rannpháirtíocht an phobail,
- a chinntiú go soláthraítear do rannpháirtithe le linn próisis rannpháirtíochta pobail an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun páirt a ghlacadh iontu ar bhealach fiúntach agus inrochtana,
- ról an phobail sa chinnteoireacht agus teorainneacha lena dtionchar a chur in iúl go soiléir ón tús,
- a thaispeáint conas a d'fhéadfadh ionchur an phobail dul i bhfeidhm ar chinntí nó ar thorthaí,

- a chur in iúl don phobal conas a chuaigh a n-ionchur i bhfeidhm ar chinntí nó ar thorthaí, agus
- deis a thabhairt don phobal páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme an chinnidh nó na dtorthaí agus/nó faireachán a dhéanamh air.

## 9.4 AISEOLAS STRUCHTÚRTHA

Is coiste comhpháirtíochta a bhfuil leasanna poiblí áitiúla agus leasanna príobháideacha áitiúla aige é Coiste Forbartha. Ní bheidh na comhaltaí faoi shrian ag na freagrachtaí muiníneacha agus corparáideacha a bhfuil feidhm acu maidir le stiúthóirí cuideachta. Dá réir sin, beidh siad in ann aiseolas níos mionsonraithe agus níos fiúntaí a chur ar fáil dá gcomhlachtaí ainmniúcháin.

Chun buntacú leis sin agus chun a chinntiú go ndéantar ionadaíocht do gach leas ábhartha sa limistéar riaracháin, tá sé tábhachtach go gcuireann comhaltaí an Choiste Forbartha leis na struchtúir idirphlé arna bhforbairt le haghaidh teagmháil a dhéanamh lena gcomhlacht ainmniúcháin agus go gcuireann siad ar an eolas iad faoin obair atá á cur ar aghaidh agus faoin bhfaisnéis arna mbailiú faoi shaincheisteanna a bhaineann leo. Chuige sin, ba cheart don Phríomhoifigeach a chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm ag gach earnáil chun aiseolas struchtúrtha a éascú idir na comhaltaí den Choiste Forbartha agus na hearnálacha a ndéanann siad ionadaíocht dóibh.

Ba cheart do chomhaltaí a ainmnítear trí na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail na socruithe aiseolais a bhfuil feidhm acu maidir leis na struchtúir sin a chomhlíonadh ina n-iomláine.

## 10. CINNTEOIREACHT AG COISTÍ FORBARTHA

### 10.1 AN PRÓISEAS CINNTEOIREACHTA

Is trí chomhaontú idir na comhaltaí atá i láthair agus i dteideal vótáil a chinnfear gach gníomh de chuid an Choiste Forbartha agus gach ceist a chuirtear air nó a thagann os a chomhair. I gcás nach féidir teacht ar chomhaontú, is ar an ní atá os comhair an Choiste a vótálfaidh na comhaltaí atá i láthair agus i dteideal vótáil.

Níor cheart níos mó ná 49% de na cearta vótála a bheith ag údaráis poiblí ná ag grúpa sainleasa aonair. Is neamhbhailí atá aon vótáil a dhéantar nó aon chinneadh a dtagtar air i gcás go bhfuil níos mó ná 49% de na cearta vótála ag grúpa sainleasa aonair nó ag údarás poiblí.

Ba cheart nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun déileáil le cásanna coinbhleachta leasa lena mbaineann comhaltaí den Choiste Forbartha. Tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéileálann na nósanna imeachta sin le cásanna ina gcaithfidh comhaltaí den Choiste Forbartha fanacht glan ar bhreithniú nó cinní a dhéantar ar nithe atá os comhair an Choiste Forbartha toisc coinbhleacht leasa a bheith ann. I gcás ar bith, ba cheart cosc a chur ar chomhaltaí a bhfuil coinbhleacht leasa acu páirt a ghlacadh i bpléití agus i gcinntí eile a bhaineann leis an gcoinbhleacht leasa.

Ní mór an líon comhaltaí eile atá i láthair agus i dteideal vótáil ar shaincheisteanna a bheith ualaithe i bhfabhar na gcomhaltaí earnála príobháidí i gcónaí. Má bhíonn ar chomhaltaí earnála príobháidí fanacht glan ar phléití agus ar phróisis chinnteoireachta i dtaca le saincheist ar leith, ní mór an líon comhaltaí eile atá i láthair agus i dteideal vótáil a bheith ualaithe fós i bhfabhar na gcomhaltaí earnála príobháidí.

Ba cheart socruithe a chur i bhfeidhm chun soláthar a dhéanamh do na cásanna sin agus d'fhéadfadh go gceanglófaí leo, i roinnt cúinsí, go bhfanfadh roinnt de na comhaltaí earnála poiblí glan ar vótáil ar shaincheisteanna chun a chinntiú go gcoimeádfaí cothromaíocht chuí. Ba cheart an próiseas cruinn agus na socruithe cruinne ina leith sin a leagan amach sna buanorduithe.

### 10.2 CÓRAM

Is é an córam nach mór dó bheith i láthair sular féidir gnó a dhéanamh ná 50% de chomhaltas an Choiste, agus é slánaithe chuig an tslánuimhir is gaire, móide duine amháin. Coimeádfar



an córam sin ar feadh an chruinnithe ar fad. I gcás nach mór do chomhaltaí staonadh ó chinntí, mar shampla de bharr coinbhleacht leasa, ní rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an gcóram.

Is féidir go leagfar ceanglais níos troime le cláir a ndéanann Coistí Forbartha maoirseacht agus bainistiú orthu. Leagfar amach iad i dtreoirlínte an chláir lena mbaineann agus ní mór cloí leo chun críche comhlíonadh cláir.

## 10.3 AN COISTE FORBARTHA AGUS A CHOMHALTAÍ A SHLÁNÚ

Slánófar an tÁrachaí le polasaí árachais an údaráis áitiúil ábhartha i leith an dliteanais dhlíthiúil ar aon Choiste Forbartha a bhfuil an tÁrachaí freagrach as.

A mhéid a ghníomhaíonn Coistí Forbartha ar bhealach bona fide agus nach bhfuil siad faillíoch i dtaca le comhlíonadh a bhfeidhmeanna, ba cheart don údarás áitiúil na Coistí Forbartha i dteannta a chéile agus comhaltaí an Choiste Forbartha ina n-aonar a shlánú i leith gach gnímh a dhéantar le linn na feidhmeanna sin a chomhlíonadh. Ba cheart an tslánaíocht sin a leathnú chuig comhaltaí d'fhochoistí agus coistí comhairleacha an Choiste Forbartha, de réir mar is cuí, agus chuig comhaltaí comhpháirtíochta a ghlacann páirt iontu mar chomhaltaí de Choistí Forbartha leathnaithe chun críche cur chun feidhme cláir.

Cuirfear rialuithe agus socruithe fíoraithe ar áireamh sna cláir ábhartha agus i bpróisis chinnteoireachta an Choiste Forbartha chun na dearbhuithe a theastaíonn chun na slánaíochtaí sin a thabhairt a chur ar fáil d'údaráis áitiúla. Éascófar na socruithe sin trí Chomhaontuithe Seirbhíse cuí nó Meabhráin Tuisceana chúí idir an Coiste Forbartha agus an t-údarás áitiúil (foráiltear le halt 128B(3)(a) don bhunús reachtach cuí ina leith sin). Leis na socruithe sin, cabhrófar le húdaráis áitiúla iomláine agus comhlíonadh phróisis chinnteoireachta an Choiste Forbartha a fhíorú i.e. gur chomhlíon na Coistí Forbartha na ceanglais riachtanacha uile agus gur chuir siad chun feidhme iad le linn dóibh a bhfeidhmeanna cinnteoireachta a chomhlíonadh. Ós rud é nach mór aird chúí a thabhairt ar neamhspleáchas agus uathriail an Choiste Forbartha, ní féidir leis na rialuithe ná na próisis fíoraithe sin cur isteach ar chinntí an Choiste Forbartha.

### 10.3.1 Stádas an Choiste Forbartha

Tá cumraíocht uathúil shaincheaptha ag Coistí Forbartha. Tá an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, mar bhonn agus thaca ag an gcumraíocht sin. Níl stádas corparáideach leithleach acu. Mar sin féin, tá cumhachtaí agus feidhmeanna sonracha neamhspleácha infheidhmithe acu faoin Acht. Mar shampla,

cumhachtaítear go follasach le halt 128B(3)(a) do Choistí Forbartha dul isteach i gcomhaontuithe scríofa (e.g. conarthaí, comhaontuithe seirbhíse, meabhráin tuisceana, etc.) chun críche cur chun feidhme clár faoina sainchúram a bhainistiú. Ina theannta sin foráiltear le halt 128B(6) go mbeidh ag Coiste Forbartha “na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh nó a ghabhann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin...”.

Ní thugtar leis an reachtaíocht an chumhacht do Choistí Forbartha agra a dhéanamh agus ní thugtar léi ach oiread an chumhacht agairt a dhéanamh orthu, áfach. Ós rud é gur coiste údaráis áitiúil é, i gcás go dtagann díospóid dhlíthiúil chun cinn i dtaca le gníomhartha ag Coiste Forbartha (e.g. díospóid a bhaineann le dámhachtain conartha), rachaidh údaráis áitiúla i mbun gnímh nó cosnóidh siad gníomh thar ceann an Choiste Forbartha.

#### *10.3.2 Comhairle Dlí*

Moltar d’údaráis áitiúil a gcomhairle dlí féin a fháil maidir leis an dóigh is fearr ar féidir slánaíocht a chur ar fáil do Choistí Forbartha, do Chomhaltaí de Choiste Forbartha, do chomhaltaí d’fhochoistí de chuid Coiste Forbartha agus d’aon chomhaltaí comhpháirtíochta a ghlacann páirt ann chun críche bainistíocht clár.

Is féidir fianaise ar an gclúdach sin nó freagraí ar cheisteanna faoin gclúdach a chuirtear ar fáil a fháil ón údarás áitiúil.

## 10.4 NÓSANNA IMEACHTA TRÉDHEARCACHA

Ullmhóidh agus coimeádfaidh Coistí Forbartha nósanna imeachta cinnteoireachta atá neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. Ba cheart foráil a dhéanamh le nósanna imeachta don fhéidearthacht achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí, nuair is iomchuí. Ba cheart foráil a dhéanamh le nósanna imeachta freisin do chinntí trí nós imeachta scríofa.

Déanfaidh an Príomhoifigeach socruithe le haghaidh taifid a choinneáil ar gach cinneadh de chuid an Choiste Forbartha, lena n-áirítear na torthaí ar vótálacha. Is tábhachtaí fós é sin maidir le cinntí cistiúcháin a dhéanann Coistí Forbartha.

## 11. ATHBHREITHNIÚ AGUS UAINÍOCHT AN CHOMHALTAIS

### 11.1 GINEARÁLTA

I gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus leis an gCathaoirleach, athbhreithneoidh an Príomhoifigeach comhaltas an Choiste Forbartha gach trí bliana ar a laghad chun a chinntiú go bhfuil an comhaltas ábhartha agus ionadaíoch d'obair an Choiste Forbartha agus dá chuid aidhmeanna agus cuspóirí (*Rialachán 29*).

Ba cheart don Phríomhoifigeach a chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm le haghaidh uainíocht a dhéanamh gach trí bliana ar na hionadaithe do na nithe seo—

- limistéir gheografacha,
- leasanna pobail agus deonacha,
- leasanna cuimsithe shóisialta,
- leasanna comhshaoil, agus
- leasanna eile pobail áitiúil agus comhpháirtí shóisialta.

Ba cheart a chinntiú leis na socruithe sin go n-ainmnítear comhaltaí nua chuig an gCoiste Forbartha, agus iarracht á déanamh ag an am céanna leanúnachas cuí comhaltais a choinneáil. Le hainmniú agus roghnú na gcomhaltaí nua, cuirfear ar chumas an Choiste Forbartha forbairt a dhéanamh agus tuairimí agus barúlacha nua a ghlacadh ar bhonn rialta. I gcás ar bith, ní fhéadfaidh comhalta ar bith a ainmnítear chun ionadaíocht a dhéanamh do na leasanna thuas fónamh ar feadh níos mó ná dhá théarma leantacha trí bliana.

### 11.2 COMHALTAÍ EARNÁLA POIBLÍ

Mar riail ghinearálta, níl aon cheanglas ann uainíocht a dhéanamh ar na comhaltaí earnála poiblí ná iad a athnuachan. Is comhaltaí iad oifigigh údaráis áitiúil agus ionadaithe do ghníomhaireachtaí Stáit mar gheall ar na poist atá acu laistigh de na heagraíochtaí a ndéantar ionadaíocht dóibh. Dá réir sin, ní bheadh sé praiticiúil ná loighciúil féachaint le huainíocht a dhéanamh ar na comhaltaí sin. Maidir le hionadaithe do ghníomhaireachtaí Stáit, áfach, ba cheart don Phríomhoifigeach agus don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil ionadaíocht do ghníomhaireacht Stáit ar leith ábhartha agus oiriúnach d'obair an Choiste Forbartha tráth an athbhreithnithe. Is féidir, mar shampla, go measfar gur gá gníomhaireacht amháin a chur in ionad gníomhaireacht eile chun a chinntiú go bhfuil ag an gCoiste Forbartha na comhaltaí, na scileanna agus an díriú a theastaíonn chun gur féidir leis a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus cuspóirí an Phlean a bhaint amach.

Mar an gcéanna, níl aon cheanglas ann uainíocht a dhéanamh ar chomhaltaí údaráis áitiúil. Is é an gnáthchleachtas go gcoimeádann comhaltaí údaráis áitiúil an post atá acu ar choistí údaráis áitiúil ar feadh thréimhse feidhme na comhairle agus go bhféadfar iad a ionadú, nó a athainmniú, de réir mar a bheidh, tar éis na gcéad toghchán áitiúil eile.

### 11.3 CUIDEACHTAÍ FORBARTHA ÁITIÚLA

Faoi mar atá amhlaidh i gcás comhaltaí earnála poiblí, is comhaltaí iad ionadaithe do chuideachtaí forbartha áitiúla mar gheall ar an bpost atá acu leis an gcuideachta forbartha áitiúla lena mbaineann. Is gnách, dá bhrí sin, nach mbíonn aon cheanglas ann ionadaíocht a dhéanamh ar na hionadaithe sin (a bhféadfadh gur Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin de chuid cuideachta iad roinnt mhaith díobh). Is féidir go mbeidh sé riachtanach, áfach, uainíocht a dhéanamh ar ionadaíocht idir cuideachtaí forbartha áitiúla difriúla atá i mbun oibre i limistéar an údaráis áitiúil, go háirithe i gcás gur mó an líon cuideachtaí ná na suíocháin atá ar fáil do na hionadaithe sin. Sna cúinsí sin, tá sé faoi na cuideachtaí socruithe ionadaíochta agus uainíochta a chomhaontú eatarthu féin. Ba cheart don Phríomhoifigeach a chinntiú, áfach, gur cothromasach atá na socruithe agus an dóigh a gcuirtear chun feidhme iad, go bhfreastalaítear leo ar leasanna an Choiste Forbartha ar an mbealach is fearr agus go ndéantar ionadaíocht chuí do thuairimí na gcuideachtaí go léir lena mbaineann.

Ba cheart freisin aird a thabhairt ar na ceanglais maidir le hionadaíocht a leagtar amach iad i rannán 6.6, is é sin nach bhféadfaidh níos mó ná comhalta boird amháin ná níos mó ná fostaí amháin de chuid aon eagraíochta pobail nó deonaí, aon chomhlachta forbartha pobail nó aon chomhlachta forbartha áitiúla ar leith ar an gCoiste Forbartha a bheith ina c(h)omhalta den Choiste Forbartha.

### 11.4 LÍONRAÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Faoi réir *Rialachán 30* agus cheanglais mhír 11.1 thuas, is de réir na rialachán agus na treorach ábhartha a bhaineann le riar na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail a dhéanfar uainíocht ar chomhaltaí Líonra Rannpháirtíochta Pobail ar an gCoiste Forbartha.

### 11.5 LEASANNA EILE POBAIL ÁITIÚIL

I gcomhairle leis an gCathaoirleach agus leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, breithneoidh an Príomhoifigeach cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go léirítear meascán leasanna áitiúla sa chomhaltas agus déanfaidh sé/sí athruithe nuair is gá.

## 11.6 COMHALTAÍ A DHÍROGHNÚ

Bíonn rogha ag gach earnáil ainmniúcháin duine ar bith dá n-ainmnithigh a dhíroghnú am ar bith. Ba cheart don chomhlacht ainmniúcháin fógra ina leith a thabhairt don Phríomhoifigeach ar bhealach tráthúil, agus leis sin ní bheidh na hainmnithigh sin ina gcomhaltaí den Choiste Forbartha a thuilleadh. Sna cásanna sin, ba cheart don earnáil ábhartha ionadaí nua a ainmniú, i gcás inarb infheidhme.

## AGUISÍN 1

# COMHALTAS DEN GHRÚPA IDIR-RANNACH UM FHORBAIRT ÁITIÚIL AGUS POBAIL

### Roinn nó Gníomhaireacht Rialtais

- An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Cathaoirleach)
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Forbartha Réigiúnaí, Gnóthaí Tuaithe, Ealaíon agus Gaeltachta
- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- An Roinn Sláinte
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
- Pobal

## AGUISÍN 2

### SONRAÍ TEAGMHÁLA DO CHOLÚN NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA

Colún	Ainm agus Seoladh	Teileafón agus ríomhphost
<b>Gnó</b>	<b>Mark O'Mahoney</b>	<b>01 4004300</b>
	Stiúrthóir Beartais agus Cumarsáide Chambers Ireland Teach Newmount 22-24 Sráid an Mhóta Íochtarach Baile Átha Cliath 2	<a href="mailto:mark.omahoney@chambers.ie">mark.omahoney@chambers.ie</a>
<b>Feirmeoireacht</b>	<b>Gerry Gunning</b>	<b>01 4500266</b>
	Stiúrthóir Feidhmiúcháin Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann Ionad Feirme na hÉireann An Cloigín Gorm Baile Átha Cliath 12	<a href="mailto:gerrygunning@ifa.ie">gerrygunning@ifa.ie</a>
<b>Ceardchumann</b>	<b>Fergus Whelan</b>	<b>01 8897777</b>
	Comhordaitheoir an Cholúin Cheardchumann Comhdháil na gCeardchumann 31-32 Cearnóg Parnell Baile Átha Cliath 1	<a href="mailto:Fergus.whelan@ictu.ie">Fergus.whelan@ictu.ie</a> nó <a href="mailto:congress@ictu.ie">congress@ictu.ie</a>
<b>An Comhshaol</b>	<b>Michael Ewing</b>	<b>071 9667373</b>
	Comhordaitheoir An Colún Comhshaoil Cnoc an Bhiocáire Mainistir na Búille Co. Ros Comáin	<a href="mailto:michael@environmentalpillar.ie">michael@environmentalpillar.ie</a>

## AGUISÍN 3

### CUIDEACHTAÍ FORBARTHA ÁITIÚLA

1. Comhpháirtíocht Abhainn Dhubh/na hAbhann Móire Teoranta
2. Cuideachta Chomhpháirtíocht Bhaile Formaid/Shéipéal Iosóid Teoranta
3. Cuideachta Forbartha Bhealach Eabhra Teoranta
4. Comhpháirtíocht Cheantar Bhaile Munna/an Halla Bháin
5. Comhpháirtíocht Cheantar Bhaile Bhlainséir Teoranta
6. Comhpháirtíocht Cheantar Bhré Teoranta
7. Bréifne Chomhtháite Teoranta
8. Cuideachta Chomhpháirtíocht an Chloigín Ghoirm, Inse Cór, Dhroichead na hInse, Chill Mhaighneann agus Rialto Teoranta (Comhpháirtíocht Phobail na Canála)
9. Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teoranta
10. Cill Dara Ar Aghaidh Teoranta
11. Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir Teoranta
12. Comhar Chathair Chorcaí Teoranta
13. Comhar na nOileán Teo.
14. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Chainnigh Teoranta
15. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Chontae Shligigh Teoranta
16. Comhpháirtíocht Pobail Chontae Chill Mhantáin Teoranta
17. Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall Teoranta
18. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Fhine Gall Teoranta
19. Fóram Chonamara Teoranta
20. Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe Teoranta
21. Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe Teoranta
22. Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain
23. IRD Dhúiche Ealla Teo.



24. Cuideachta Forbartha Pobail agus Fiontraíochta Laoise Teoranta
25. Cuideachta Forbartha Comhtháite Liatroma Teoranta
26. Acmhainní Pobail an Longfoirt Teoranta
27. Comhpháirtíocht LEADER Lú
28. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Mhaigh Eo Thoir Thuaidh Teoranta
29. Comhpháirtíocht Forbartha Pobail Tuaithe agus Shóisialta na Mí Teoranta
30. Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin Teoranta
31. Comhpháirtíocht LEADER Thuaisceart agus Oirthear Chiarraí Teoranta
32. Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann Thuaidh
33. Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath Teoranta
34. Cuideachta Forbartha Comhtháite Áitiúla Uíbh Fhailí Teoranta
35. Gníomhaíocht Pobail in aghaidh na Dífhostaíochta Teoranta (Comhpháirtíocht PAUL)
36. Comhpháirtíocht Pobail Ráth Maonais/Pheambróg Teoranta
37. Cuideachta Forbartha Comhtháite Ros Comáin Teoranta
38. Comhpháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas Teo.
39. Comhpháirtíocht Forbartha Cheantar Dheisceart agus Oirthear Chorcaí
40. Comhpháirtíocht Forbartha Dheisceart Chiarraí Teoranta
41. Cuideachta Forbartha Dheisceart Thiobraid Árann Teoranta
42. Cuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo
43. Comhpháirtíocht an Deasbhaile Teoranta
44. Comhpháirtíocht Cheantar na Tulchann Teoranta
45. Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge Teoranta
46. Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge Teoranta
47. Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí Teoranta
48. Acmhainní Iarthar Luimnigh Teoranta
49. Forbairt Pobail na hIarmhí Teoranta
50. Forbairt Áitiúil Loch Garman

## SONRAÍ TEAGMHÁLA – RIALTAS ÁITIÚIL AGUS POBAL

Is féidir aon cheisteanna faoi na treoirlínte seo nó faoi nithe gaolmhara eile a chur ar—

An Rannóg Rialtais Áitiúil agus Pobail

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Oifigí an Rialtais

Béal an Átha

Co. Mhaigh Eo

ríomhphost: [lcdev@environ.ie](mailto:lcdev@environ.ie)

Mar mhalairt air sin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg go díreach—

Teileafón: 096 24316